



An tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána

Tuarascáil Bhliantúil 2018



*Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muintín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve.*

Clár Ábhair

Caibidil	Leathanach
Giorrúcháin	3
Brollach	5
Achoimre Fheidhmeach	6
1. Réamhrá	11
2. Cloí le Plean Oibre 2018	18
3. Próiseas Athbhreithnithe um Chigireacht agus Athbhreithniú	25
4. Tuarascálacha Téamacha 2018	28
5. Scrúduithe & Athbhreithnithe ACGGS	35
6. Caighdeáin Eagraíochta a Chinntiú	49
7. Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara	54
8. Aguisíní	59

GIORRÚCHÁIN

ACGS	An tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána
ADN	Aigéad Dí-ocsairibeanúicléasach / DNA
AE	An tAontas Eorpach
B. Sc	Baitsiléir Eolaíochta
FMS	Fógraí Muirear Seasta
MA	Máistreacht sna hEalaíona
ONCF	An Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóiréinseach
PEMS	Córas Bainistíochta Foilseán agus Maoine
RGCS	An Rialachán um Shonraí Ginearálta a Chosaint
SRC	Seachadadh Ríomhchuidithe
TIA	Tuairisceán um Imscrúdú agus Athbhreithniú
TTD	Tástáil Toimhdean ar Dhrugaí
UAT	Tástáil Inghlacthachta Úsáideoirí
RC	Radairialú

BROLLACH

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2018 an Aonaid um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (ACGGS) a chur i láthair. Sa tuarascáil seo tugtar léiriú ar ghníomhaíochtaí, gnólachtaí agus feidhmíocht an Aonaid le linn na tréimhse an 1 Aibreán 2018 go dtí an 31 Márta 2019.

Ón am a bunaíodh é, tá ACGGS tar éis cur lena bhuanna agus foghlaim óna thaithí ag an am céanna. Tá an tAonad tar éis inniúlacht shuntasach a fhorbairt ó thaobh comhairle agus caighdeán atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt, chomh maith le hobair a dhéanamh chun feabhas a chur ar an mbealach a bhailimid eolas ó bhail foirne atá Faoi Mhionn agus ó Ghardaí de chuid na hEagraíochta. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2018 ó thaobh gealltanais arna ndéanamh ag an Aonad agus maidir lenár n-ullmhacht a chinntiú chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann lenár modheolaíochtaí i leith Scrúduithe Téamacha mionsonraithe.

Ba mhaith liom aitheantas a léiriú ar thiomantas agus díograis fhoireann uile an Aonaid um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána ó thaobh spriocanna agus cuspóirí an Aonaid a bhaint amach. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl maidir leis na caidrimh oibre ghairmiúla atá cothaithe againn lenár bpáirtithe leasmhara, idir laistigh agus taobh amuigh den Eagraíocht. Bhí léargas luachmhar na bpáirtithe leasmhara maidir leis na príomhréimsí rialachais ina threoir leanúnach do threo agus dul chun cinn an Aonaid le linn na tréimhse seo atá faoi athbhreithniú.

I measc na ngarspriocanna eagraíochta in 2018, ceapadh Coimisinéir nua an Gharda Síochána agus foilsíodh tuarascáil maidir le Todhchaí na Póilíneachta in Éirinn, chomh maith leis an Tríú tuarascáil eatramhach de chuid an bhinse fiosrúcháin ar a bhfuil an Breitheamh Onórach Peter Charleton ina chathaoirleach a fhoilsiú. Cé gur leag an Binse Fiosrúcháin go leor torthaí tromchúiseacha amach, chuir an Breitheamh Charleton an-bhéim ar thábhacht obair an Aonaid seo agus obair páirtithe leasmhara rialachais eile nuair a dúirt sé, *“Is ríthábhachtach go mbeidh an Garda Síochána ina eagraíocht ina dtugtar neamhinniúlacht chun solais, ina dtugtar an leisciúlacht chun cuntais agus ina léiríonn daoine meas ar a n-oifigh sinsearach.”* Trí ár Scrúduithe Téamacha, tá sár-iarracht déanta againn cuspóirí an Bhreithimh Charleton a bhaint amach trí rioscaí agus deiseanna Eagraíochta a aithint in go leor réimsí póilíneachta. Tríd an obair seo a dhéanamh, táim lánchinnte go mbeidh an mhodheolaíocht nua seo maidir le scrúduithe a dhéanamh ina cabhair don Eagraíocht ó thaobh “a hOibleagáidí” mar a leagtar amach iad sa bhinse fiosrúcháin thuasluaite a chomhlíonadh.

JOHN NOLAN

ARD-CHEANNFORT

_____ Márta 2019

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Is é is cuspóir agus feidhm don Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána ná feidhmíocht oibríochtúil, riaracháin agus bainistíochta an Gharda Síochána ag gach leibhéal a scrúdú agus a athbhreithniú, mar a threoraigh Coimisinéir an Gharda Síochána. Tá sé de dhualgas ar an Aonad freisin bearta a mholadh don Choimisinéir chun feidhmíocht a fheabhsú agus na caighdeáin chleachtais is airde a chur chun cinn, caighdeáin arna dtomhas trí thagairt do na caighdeáin is fearr de sheirbhísí póilíneachta inchomparáide, i ngnóthaí oibriúcháin, riaracháin agus bainistíochta a bhaineann leis an nGarda Síochána.

Leanann ACGGS, le tacaíocht agus comhairle ó pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, d'athbhreithniú a dhéanamh ar a mhodheolaíochtaí chun comhlíonadh le hAlt 24 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 a chinntiú. Tharla aistriú chuige sin in ACGGS le linn 2018 nuair a d'aistrigh an tAonad ó na scrúduithe a rinneadh roimhe sin a bhí dírithe ar limistéir gheografacha go Scrúduithe Téamacha níos spriocdhírithe.

Arís in 2018, bronnadh an Comhartha Q ón eagraíocht Feabhas Éireann ar ACGGS as a Chórais Bainistíochta Cáilíochta. Cothaíonn an creidiúnú seachtrach seo ard-iontaobh agus ard-mhuinín i measc na foirne as na próisis agus na córais atá in úsáid. Tá sé mar aidhm ag ACGGS feabhas leanúnach a chur ar an tseirbhís atá á cur ar fáil aige dá bpáirtithe leasmhara agus ní féidir é sin a dhéanamh gan athbhreithniú ionraic a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí 2018 agus pleanáil uailmhianach ach réadúil á dhéanamh le haghaidh 2019 ag an am céanna.

Déanann lucht bainistíochta ACGGS a ndícheall i gcónaí acmhainn oibríochta an Aonaid a mhéadú trí bharrleibhéal foirne a choinneáil. Roghnaíodh triúr breise (ó ghrád an Gharda) i ndiaidh próisis agallaimh a bhí bunaithe ar chúrsaí inniúlachta agus sannadh iad don ACGGS i mí an Mhárta 2018. Sannadh ball foirne eile de chuid an Gharda Síochána (grád an oifigigh cléireachais) don Aonad i mí Aibreáin 2018. Cé gur laghdaíodh neart an Aonaid nuair a aistríodh 2 Chigire go Biúró Náisiúnta an Gharda um Inimirce agus go dtí an tAonad Speisialta Bleachtairí Cigire nuair a d'éirigh leo i gcomórtais inmheánacha chun Bleachtairí Cigire a cheapadh agus nuair a ath-implonnaíodh Sáirsint amháin agus Garda amháin i róil póilíneachta oibríochtúla, ba dhearfach an rud é gur sannadh Cigire amháin, Sáirsint amháin, Garda amháin agus ball foirne eile de chuid an Gharda Síochána don Aonad go luath in 2019 chun na folúntais thuasluaite a líonadh. Dá réir sin, níl san ACGGS anois ó thaobh folúntas reatha de ach Cigire amháin (1) agus Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin amháin (1).

Spreagtar pearsanra ACGGS chun cur lena gcuid scileanna ar bhonn rialta trí oiliúint inmheánach agus oiliúint sheachtrach a dhéanamh, chomh maith le cúrsaí forbartha. Ar an 14 Nollaig 2018, bronnadh Teastas Gairmiúil i Rialachas tríd an bhForas Riaracháin ar 4 bhall foirne. Anuas air sin, chuir Ard-Cheannfort John Nolan agus Ceannfort Paul Costello cláir Mháistreachta sna hEalaíona i gcrích in Imscrúdú Coireachta Sinsearaí agus bhronn Ollscoil Luimnigh céim Onórach orthu beirt.

Le linn 2018, lean ACGGS de theagmháil ghníomhach a bheith acu le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear an tÚdarás Póilíneachta, Cigireacht an Gharda Síochána, grúpa na bPríomhpháirtithe Leasmhara agus an Bord Rialachais um Riosca agus Beartas ionas gur féidir leo cinntí a dhéanamh maidir leis an leas is fearr is féidir a bhaint as am agus acmhainní ACGGS chun leasa Eagraíocht an Gharda Síochána. Is díol spéise é gur ordaigh Ard-Bhainistíocht an Gharda Síochána go bhfreastalaíonn Cigire de chuid ACGGS ar éisteachtaí an *Bhinse Fiosrúcháin ar Nochtadh Cosanta nDearnadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus Nithe Áirithe Eile*, chun saincheisteanna a thagann chun cinn a mhonatóiriú agus a thaifeadadh agus chun a bheith mar idirghabhálaí idir Abhcóide Stáit agus Oifig Comhordaithe an Bhinse Fiosrúcháin. Leis an idirchaidreamh seo, fuarthas cuntais ar an láthair ar Mholtaí an Bhinse Fiosrúcháin agus tá breithniú á dhéanamh ag ACGGS anois ar na moltaí sin a chuimsiú ina chuid oibre amach anseo. Pléifear é seo tuilleadh níos faide ar aghaidh sa tuarascáil.

In 2018, d'fhoilsigh ACGGS tuarascáil a bhain le Scrúdú ar Roinn Chill Chainnigh / Ceatharlach agus cuireadh Athbhreithnithe ar Roinn Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Roinn Shligigh / Liatroim agus Roinn Loch Garman i gcrích freisin. I gCaibidil 5 & 6 den tuarascáil seo, leagtar amach sonraí na dTorthaí agus Moltaí a rinne ACGGS sna tuarascálacha sin. Bhí na réimsí a aithníodh sna scrúduithe agus athbhreithnithe sin ina n-ábhair mholta chuig lucht bainistíochta áitiúil lena gcur chun feidhme nó lena mbreithniú tuilleadh. Mar a mholtar cheana, cuireadh ar aghaidh tuilleadh in 2018 córas a tugadh isteach go déanach in 2017 i ndiaidh comhairliúchán le páirtithe leasmhara maoirseachta. Is córas é a ligeann do lucht bainistíochta áitiúil (nó sealbhóir polasaí) athbhreithniú a dhéanamh ar phríomh-mholtaí ACGGS. Ligeann an próiseas seo don ACGGS agus lucht bainistíochta áitiúil monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme moltaí ACGGS agus is ré-ríomhán é ar an dul chun cinn atá déanta chuige sin.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, leanadh freisin le forbairt an réitigh Teicneolaíochta Faisnéise molta agus na scéime píolótaí gaolmhaire, agus iad dírithe ar chomhlíonadh leis an mbeartas Eagraíochta ¹ reatha a spreagadh. Cuireadh cuir i láthair mionsonraithe ar fáil do Ranna rannpháirteacha agus tá cur chun feidhme na scéime píolótaí imithe chomh fada le Tástáil Inghlacthachta Úsáideoirí (UAT). Déantar géarmhonatóiriú ar dhul chun cinn agus déantar saincheistanna ar bith a thaifeadadh agus téitear i ngleic leo de réir mar a thagann siad chun cinn. Is díol spéise é go ndéantar tagairt i gcuir i láthair ACGGS don tuarascáil a chur an Breitheamh Peter Charleton ar fáil faoin *mBinse Fiosrúcháin ar Nochtadh Cosanta nDearnadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus Nithe Áirithe Eile*. Úsáidtear “Oibleagáidí an Gharda Síochána” arna n-aithint ag an mBreitheamh Charleton chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le comhlíonadh na hEagraíochta leis an bpróiseas um Chigireacht agus Athbhreithniú.

I bPlean Oibre ACGGS don bhliain 2018, aithnítear 6 réimse a d’fhéadfadh Eagraíocht an Gharda Síochána a chur i mbaol. Rinneadh na réimsí sin a aithint trí mhonatóireacht a dhéanamh ar Chigireachtaí / Scrúduithe Roinne, in éineacht le comhairliúchán le páirtithe leasmhara rialachais eile agus tríd an gClár Rioscaí Corparáideacha a scrúdú. Chuir ACGGS tús le 6 thuarascáil maidir le Scrúduithe Téamacha i leith réimsí ábhair tábhachtacha le linn na tréimhse tuairiscithe, mar a leagtar amach anseo thíos:

-  Gnéithe Áirithe den Acht um Cheartas Coiriúil (Córas Fianaise Fóiréinsí agus Bhunachar Sonraí ADN) 2014
-  Tástáil Toimhdean ar Dhrugaí (TTD) laistigh den Gharda Síochána
-  Agallóireacht Imscrúdaitheach
-  Caighdeán in Ionchúisimh Choiriúla
-  Seirbheáil Toghairme
-  Daingniú an Chóid Eitice

I ndiaidh taighde cúlra forleathan agus cuairteanna ar an láthair arna ndéanamh i 12 Roinn oibríochtúla, cuireadh Tuarascálacha Téamacha i leith gnéithe áirithe den Acht um Cheartas Coiriúil (Córas Fianaise Fóiréinsí agus Bhunachar Sonraí ADN) 2014 agus Tástáil Toimhdean ar Dhrugaí i gcrích i Raithe 4 2018 agus tá céim i bhfad amach bainte amach sna tionscadail eile. Táthar ag súil go gcuirfear crích leo ar fad faoi dheireadh Ráithe 1 2019. Léirítear i

¹ Treoir 59/2014 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána – Cigireachtaí agus Athbhreithnithe an Gharda Síochána

bhFigióir 1 thíos Scrúduithe Téamacha a thosaigh in 2018 agus atá le críochnú faoi dheireadh Ráithe 1 2019:

Figióir 1 – Sainréimsí le haghaidh Scrúduithe Téamacha in 2019

Tuarascálacha Téamacha le cur i gcrích in 2019	
Tuarascálacha Téamacha atá sna céimeanna deiridh.	❖ Daingniú an Chóid Eitice ❖ Seirbheáil Toghairme ❖ Caighdeáin na gCúirteanna ❖ Agallóireacht Imscrúdaitheach

Ionas gur féidir dul i ngleic mar is ceart le himní ardbhainistíocht an Gharda Síochána, thug ACGGS faoi rannpháirtíocht forleathan a dhéanamh le páirtithe leasmhara. I mí Dheireadh Fómhair 2018, lorgaíodh aighneachtaí ó gach Coimisinéir Cúnta agus Stiúrtóir Feidhmiúcháin maidir leis na réimsí ar mhaith leo go ndéanfaí ACGGS scrúdú orthu. Faoi láthair, tá measúnú á dhéanamh ag lucht bainistíochta ACGGS ar na haighneachtaí sin agus tá na réimsí sonracha a gcaithfear a scrúdú agus a chuimsiú i bPlean Póilíneachta ACGGS 2019 á gceapadh acu freisin.

Rinneadh Leathanach Thairseach ACGGS a uasghrádú in 2018 agus aistríodh é go Suíomh na Foirne (féach Aguisín A) ar a fhoilsítear Nuachtlitreacha Ráithiúla atá ina modh breise cumarsáide do pháirtithe leasmhara inmheánacha ó bhí Ráithe 2 2018 ann. Is modh cumarsáide iad na Nuachtlitreacha seo d'fhaisnéis a bhaineann le dea-chleachtas agus réimsí ar ábhair inmí iad a scaipeadh ionas gur féidir an seans go dtarlóidh na cleachtais sin arís a mhaolú. Is é is feidhm le Nuachtlitir ACGGS ná béim a chur ar riosca nó deis ar bith arna haithint trí na Cigireachtaí nó na hAthbhreithnithe nó eile. Chun críoch tagartha, tá Nuachtlitir shamplach le feiceáil in Aguisín B.

Ar an iomlán, déanfaidh ACGGS a Scrúduithe trí chuairteanna fógartha ós rud é go bhfuil gá le méideanna móra ábhair nó pearsanra speisialaithe sonracha a bheith ar fáil don fhoireann

roimh an Scrúdú. Tráth agus áit a thagann an deis sin chun cinn, áfach, déanfaidh foirne de chuid ACGGS Scrúduithe neamhfhogartha de réimsí póilíneachta ábhartha.

Roimhe sin, nuair a bhí Plean Oibre san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil bhí dúbláil i gceist ó thaobh ualaigh oibre de mar bhí ar an Aonad Plean Póilíneachta bliantúil a ullmhú freisin mar eolas d'Ardbhainistíocht an Gharda Síochána. In 2019, ullmhóidh ACGGS Plean Póilíneachta ina mbeidh sonraí de na scrúduithe ar fad atá le déanamh ag an Aonad, bunaithe ar an réasúnaíocht a thugtar chun suntais thuas. Dá réir sin, beidh Plean Póilíneachta 2019 de chuid ACGGS ina dhoiciméad molta a dhéanfar a athbhreithniú go tréimhsiúil le linn na bliana. Tabharfar fógra maidir le athbhreithnithe nó leasuithe sonracha ar bith dá réir sin, agus déanfar aon tionchar diúltach a imrítear ar chur chun feidhme na hoibre a leagtar amach sa Phlean Póilíneachta a léiriú ar Chlár Riosca ACGGS.

1. Réamhrá

Is seirbhís póilíneachta na hÉireann é an Garda Síochána agus is é Coimisinéir an Gharda Síochána a dhéanann í a stiúradh agus a rialú. Is é aidhm na hEagraíochta ná: *“Póilíneacht agus seirbhísí slándála proifisiúnta a sholáthar agus muinín, iontaoibh agus tacaíocht na ndaoine ar a ndéanaimid freastal a bheith againn”* rud a chiallaíonn gur seirbhís póilíneachta atá uathúil go hidirnáisiúnta é an Garda Síochána mar chomhlacht aonadach atá freagrach as slándáil an Stáit agus as seirbhísí póilíneachta a sholáthar. Comhaontaítear an dá fheidhm sin ag an bhfealsúnacht atá mar bhonn agus mar thaca acu: Cosaint an duine aonair agus sábháilteacht na bpobal.

Tá traidisiún fada seanbhunaithe ag an nGarda Síochána de bheith ag obair go dlúth le pobail ar fud na hÉireann. Trí pháirtnéireachtaí pobail éifeachtacha a chothú agus a choinneáil agus póilíneacht túslíne níos feiceálaí a chinntiú, oibríonn an Eagraíocht chun cúrsaí coireachta a laghdú agus daoine a chur ar a suaimhneas a mhéid is féidir.

De bharr éilimh agus ionchais athraitheacha saoránach, mar aon le dúshlán slándála, tá gá le clár nua don Garda Síochána a dhéanfaidh an Eagraíocht a ghairmiúlú, a nuachóiriú agus a athchóiriú chun a chinntiú go ndéanfar dúshlán reatha agus dúshlán todhchaí a chur san áireamh.

1.1 Struchtúr Rialachais

Aithníonn ACGGS go bhfuil seirbhís ghairmiúil póilíneachta agus slándála a mbaineann cleachtais agus struchtúir rialachais láidre léi lárnach ó thaobh daonlathas éifeachtach a choinneáil. Déanann creat rialachais éifeachtach róil agus freagrachtaí a shainmhíniú, cuireann sé luach leis an eagraíocht, feabhsaíonn sé a cáil, agus cothaíonn sé dearbhuithe agus muinín san Eagraíocht freisin. Fógraíodh le Creat Rialachais an Gharda Síochána 2016 go mbunófaí roinnt bord rialachais, rud a léiríonn moltaí Chigireacht an Gharda Síochána. Spreagann na boird seo rialachas ar fud na hEagraíochta agus cuireann sé maoirsiú, cuntasacht agus comhlíonadh ar fáil. Chomh maith le torthaí comhlachtaí eile maoirseachta, tá sé beartaithe go mbeidh torthaí ACGGS mar bhonn eolais ag na boird seo ionas gur féidir comhsheasmhacht a chinntiú agus seirbhís póilíneachta ghairmiúil agus eiticíúil á cur ar fáil.

Is cuid de cholún Rialachais na hEagraíochta é ACGGS agus tuairiscíonn sé díreach chuig an gCoimisinéir Cúnta, Rialachas agus Cuntasacht.

1.2 An tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána

Bunaíodh an tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (ACGGS) ar an 6 Eanáir 2006 agus tá sainchúram reachtúil aige i gcomhréir le hAlt 24 d'Acht an Gharda Síochána lena bhforordaítear:

(1) *A luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme an ailt seo, bunóidh Coimisinéir an Gharda Síochána Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla, ar a mbeidh oifigeach de chéim nach ísle céim an Cheannfoirt, chun -*

(a) *Feidhmíocht oibriúcháin, riaracháin agus bainistíocht an Gharda Síochána a iniúchadh agus a athbhreithniú ag gach leibhéal, faoi threoir an Choimisinéara*

(b) *Bearta a mholadh don Choimisinéir chun an fheidhmíocht sin a fheabhsú, agus*

(c) *Na caighdeáin chleachtais is airde a chur chun cinn, arna dtomhas trí thagairt do na caighdeáin is fearr de sheirbhísí póilíneachta inchomparáide, i ngnóthaí oibriúcháin, riaracháin agus bainistíochta a bhaineann leis an nGarda Síochána.*

(2) *Tráth nach déanaí ná 31 Márta gach bliain, cuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána tuarascáil faoi bhráid an Údaráis maidir le gníomhaíochtaí an Aonaid um Chaighdeáin Ghairmiúla sa bhliain roimhe sin.*

Tá ACGGS tar éis leanúint dá mhodheolaíocht a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is gá chun comhlíonadh leis an reachtaíocht a chinntiú. Chomh maith leis sin, déanfaidh ardbhainistíocht an Aonaid cultúr láidir eitice a dhaingniú agus a spreagadh ar aghaidh i measc na mball foirne agus a chinntiú go gcuirtear seirbhís éifeachtúil agus réamhghníomhach ar fáil dá pháirtithe leasmhara uile. Agus é sin á dhéanamh, déanfaidh an lucht bainistíochta a ndícheall an barrleibhéal foirne a choinneáil, chomh maith le scileanna riachtanacha na foirne sin a chothú freisin.

1.3 Cód Eitice

I mí Eanáir 2017, d'fhoilsigh an tÚdarás Póilíneachta Cód Eitice don Gharda Síochána chun é a bheith mar bhonn eolais agus mar threoir do ghníomhaíochtaí pearsanra ag gach leibhéal den Eagraíocht. In 2018, leanadh le hoiliúint maidir leis an gCód Eitice a chur ar phearsanra ACGGS.

Bhí Scrúdú ar Dhaingniú an Chóid Eitice ina chuid den Obair Théamach a rinne an tAonad in 2018. Rinneadh méid suntasach taighde cúlra maidir leis an tionscadal seo agus tá sé le cur i gcrích i Ráithe 1, 2018.

1.4 Iniúchadh Cultúir

Cuireadh críoch leis an suirbhé cultúir ‘Glac Páirt’, arna dhéanamh go neamhspleách ag Price Waterhouse Cooper, in 2018. Chuir bainistíocht ACGGS seisiún faisnéise ar fáil do phearsanra uile ACGGS i ndiaidh thorthaí an tsuirbhé a fhoilsiú agus lorgaíodh tuairimí na mball foirne maidir le hiompair, luamháin agus cumasóirí ar son an athraithe. Cuireadh torthaí áitiúla ar aghaidh ansin chuig Biúró an Gharda Síochána um Eitice agus Cultúr lena dtiomsú agus lena measúnú.

1.5 Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta

I mí Mheán Fómhair 2018, d’fhoilsigh an Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta a thuarascáil ina leagtar amach fíis agus treochlár soiléir chun an Garda Síochána agus an creat leathan náisiúnta le haghaidh póilíneachta, slándála agus sábháilteachta phobail a neartú. Moltar sa tuarascáil ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn gur cheart go rachadh na tograí a rinneadh i ngleic leis *“na struchtúir chuí le haghaidh rialachais, maoirseachta agus cuntasachta, chun a chinntiúgo mbeidh bealaí éifeachtacha ann chun a chinntiú go ndéanfar grinnskrúdú gairmiúil neamhspleách ar sheirbhísí póilíní ar mhaithe le caighdeáin ghairmiúla chuí a choimeád ar bun.”* Rinne an tuarascáil athdhearbhú tuilleadh gur *“Ón earcaíocht i leith, ní hé amháin gur cheart dualgais agus freagrachtaí na bpóilíní a theagasc le linn an oideachais.. Ba cheart na luachanna cultúrtha a bhfuilimid ag súil leo ónár bpóilíní a chothú i gcomhaltaí den tseirbhís póilíní, is iad sin - ardchaighdeán eiticiúla agus ghairmiúla.....”*

Moltar sa tuarascáil foilsithe freisin gur cheart *“an mhaoirseacht a chuíchóiriú, a dhéanamh níos comhleanúnaí agus a neartú i gCoimisiún nua um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail”* a dhéanfaidh *“feidhmíocht póilíneachta a ghrinnskrúdú, cigireachtaí a dhéanamh, caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn, agus tacú le struchtúir áitiúla le haghaidh rannpháirtíocht an phobail leis na póilíní agus na struchtúir sin a chomhordú”*.

Is cosúil go bhfuil struchtúr beartaithe an Choimisiúin um Fhormhaoirseacht ar an bPóilíneacht agus ar Shábháilteacht an Phobail mar a leagtar amach é sa tuarascáil fhoilsithe *“Caighdeáin póilíneachta ghairmiúla a chur chun cinn (lena n-áirítear caighdeáin um chearta an duine),*

ag féachaint don dea-chleachtas idirnáisiúnta” cosúil leis an sainchúram reachtach a sannadh ar ACGGS san Acht, 2005.

1.6 Rialachán um Shonraí Ginearálta a Chosaint

Tháinig an Garda Síochána faoi réir an Rialachán an Aontas Eorpaigh um Shonraí Ginearálta a Chosaint (RGCS) (Rialachán (AE) 2016/679) agus an Treoir um Póilíní agus Ceartas Coiriúil maidir le Cosaint Sonraí i Réimse Fhorfheidhmiú an Dlí (AE) 2016/680 i mí Bealtaine 2018. Tá gach ball faoi mhionn agus baill foirne uile an Gharda Síochána freagrach as a chinntiú go bhfuil na sonraí go léir a dhéanann siad a phróiseáil, a bhainistiú nó a rialú ina ndualgais laethúil i gcomhréir le rialacháin an AE, RCGS, an Treoir i Réimse Forfheidhmiú an Dlí agus beartas agus nósanna imeachta an Gharda Síochána. Chun cuidiú le ceanglais an AE a chomhlíonadh, tá ACGGS tar éis Beartas um Dhoiciméid a Choinneáil a fhorbairt lena úsáid ag an Aonad.

1.7 Pearsanra ACGGS

Is cúis áthais gur cuireadh comórtas i gcrích i mí Eanáir 2018 chun folúntais sa Gharda Síochána a líonadh. Mar thoradh ar an gcomórtas sin ceapadh 3 Gharda breise agus ball foirne eile de chuid an Gharda Síochána (grád an oifigigh chléireachais) don Aonad i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin faoi seach.

Mar chuid den Chlár Nuachóiriúcháin & Athnuachana, seoladh próiseas um athshannadh deonach i mí Feabhra 2018, ag lorg léirithe spéise maidir le hathshannadh ar dhualgas póilíneachta tús líne. Roghnaigh Garda amháin é seo a dhéanamh agus anois úsáidfídh an Garda sin na scileanna agus an t-eolas a fuarthas le linn dó a bheith ag obair leis an Aonad agus iad i mbun a róil póilíneachta oibríochtúla.

D'éirigh le beirt ón ACGGS i gcomórtas a bhí ar siúl le déanaí chun Bleachtairí Cigire² a cheapadh. Chuaigh Cigire amháin le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce i mí Feabhra 2018 agus chuaigh Cigire eile go dtí an tAonad Speisialta Bleachtairí Cigire i mí Eanáir 2019.

D'éirigh le Sáirsint amháin sa chomórtas chun dul ó Chigire go Bleachtairí agus athshannadh chuig ACGGS ansin é/í. Bhí an Garda sin tar éis a bheith ath-implonaithe go stáisiún i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath ar bhonn sealadach i mí an Mheithimh 2018, ar threoir

² Treoir 073/2017 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána – Folúntais le haghaidh Bleachtairí Cigire, Gnáthchoireacht, Oibríochtaí Coireachta Speisialta agus an Brainse um Slándáil & Faisnéis.

ardbhainistíochta an Gharda Síochána. Sannadh Sáirsint amháin agus Garda amháin don Aonad freisin i mí Eanáir 2019 chun folúntais a bhí ann ag an am sin a líonadh.

Leanfar le hiarrachtaí ardbhainistíocht an Aonaid chun an folúntas atá san Aonad faoi láthair le haghaidh Bleachtaire amháin a líonadh. Tá an folúntas sin tugtha chun suntais ar chlár riosca ACGGS agus leanfar de mhonatóireacht a dhéanamh air go dtí go gceapfar duine éigin sa ról.

Ní dhearna dul chun cinn ar bith maidir le hiarratas a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2017 chun Anailísí Gnó a dháileadh ar an Aonad. Ceaptar fós go gcuirfeadh acmhainn mar seo go mór le ACGGS i gcomhthéacs na físe atá ann do thionscadail amach anseo ina mbeidh ar an Aonad faisnéis thráthúil, bhríoch agus éifeachtach a fháil, a mheas, a scaipeadh agus a chomhordú. Ceaptar go bhfuil scileanna an anailísí gnó, go speisialta na scileanna um shonraí a anailísiú, ríthábhachtach chun na spriocanna sin a bhaint amach.

1.8 Scileanna agus Inniúlachtaí

Tá ‘Oideachas agus Oiliúint’ phearsanra ACGGS i gcónaí i gcroí lar fhócas ardbhainistíocht an Aonaid. Le foghlaim leanúnach, cinntítear go mbíonn próisis an Aonaid suas chun dáta, go léiríonn siad an dea-chleachtas agus go mbaineann ardchaighdeán leo i gcónaí. Spreagtar agus tugtar tacaíocht do bhaill an Aonaid tabhairt faoi chúrsaí oideachais agus oiliúna foirmiúla chun a chinntiú go bhfuil modheolaíochtaí an Aonaid nuálach agus éifeachtach.

- Chuir 4 de phearsanra ACGGS, lena n-áirítear Ard-Cheannfort ACGGS, Teastas Gairmiúil sa Rialachas i gcrích ag an bhForas Riaracháin in 2018. Leag an Foras Riaracháin an cúrsa seo amach chun a chur ar chumas rannpháirtithe na sásraí rialachais atá i bhfeidhm sa Gharda Síochána a rochtain agus a fheabhsú agus chun eolas údarásach a fháil ar na prionsabail agus cleachtais a bhaineann le cinnteoireacht agus rialú laistigh den Eagraíocht.
- Agus Dioplóma Iarchéime in Imscrúdú na Tromchoireachta bainte amach acu i mí na Nollag 2017, bronnadh Máistreacht sna hEalaíona (MA) in Imscrúdú na Tromchoireachta ar Ard-Cheannfort agus ar Cheannfort an Aonaid um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána ag searmanas in Ollscoil Luimnigh ar an 14 Eanáir 2019.
- Chuir beirt ón ACGGS tús le Baitsiléir Eolaíochta (B.Sc) i gCeannaireacht & Rialachas Póilíneachta ag Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, i mí Feabhra 2019.

Le linn 2018, cuireadh oiliúint ar phearsanra uile an Aonaid um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána sna réimsí seo a leanas:

- Córais Bhainistíochta Foilseán agus Maoine (PEMS 2)
- Oiliúint maidir leis an ‘Tuairisceán um Imscrúdú agus Athbhreithniú (TIA)’ nua, an Oifig Bainistíochta Tairseach - Márta 2018
- Oiliúint maidir leis an gCreat Feidhmíochta agus Foghlama
- Oiliúint maidir leis an gCód Eitice

Rinne roinnt pearsanra de chuid ACGGS an oiliúint seo a leanas le linn na tréimhse tuairiscithe:

- Oiliúint leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát maidir leis an gCóras Bainistíochta Náisiúnta Teagmhas (6 bhall foirne).
- Oiliúint um Bainistíocht Tionscadail (3 bhall foirne).
- Oiliúint RECORD maidir le Clár Comhfhreagrais – Foireann an Gharda Síochána

Bhí na cuir i láthair seo a leanas i measc na gcinn a cuireadh ar fáil do bhaill foirne ACGGS:

- Thug an bhainistíocht áitiúil eolas do bhaill foirne uile ACGGS maidir le torthaí Shuirbhé an Iniúchta Cultúir .
- An Rialachán um Shonraí Ginearálta a Chosaint (RSGC) - cur i láthair le pearsanra na hOifige um Chosaint Sonraí.
- Cuir i láthair leis an Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóiréinseach
- Thug ardbhainistíocht ACGGS cur i láthair do bhaill foirne uile maidir le Clár Meantóireachta a tugadh isteach san Aonad le déanaí.
- Tugtar cuir i láthair mionsonraithe freisin do gach Roinn mar chuid den phróiseas athbhreithnithe um Imscrúdú agus Athbhreithniú (féach Caibidil 3).

Chun oiliúint shonrach a cuireadh ar phearsanra an Gharda Síochána a chomhlánú, tá ACGGS dírithe ar an mbonn leathan eolais atá ag a bhaill faoi láthair a choinneáil trí fhreastail ar sheimineáir agus ar chomhdhála éagsúla. In 2018, áirítear ina measc siúd:

- Comhdháil na nOifigeach Imscrúdaithe Sinsearach
- Ceardlann - “Conas a bheith Éifeachtach mar Rialtóir Riosca-Bhunaithe” - i gCloich na Coillte, Co. Chorcaí. I gceannas ar an gceardlann seo le haghaidh bainisteoirí

sinsearacha, bhí an tOllamh Malcolm K. Sparrow, Ollamh le Cleachtas na Bainistíochta Poiblí i Scoil Rialtais John F. Kennedy, Ollscoil Harvard. Leagadh an ceardlann amach le haghaidh oifigeach a bhfuil ról rialála, bainistíochta riosca, comhlíonta, araíonachta nó forfheidhmithe acu, bíodh na dualgais sin ina gcuid mhór nó ina gcuid bheag dá ról. Mar sin, bhain na ábhair a chumhdaíodh ag an gceardlann seo le tascanna sonracha chun dochar a laghdú nó riosca a rialú.

- An Léacht Tionscnaimh maidir le Cleachtas agus Rialú Gairmiúil in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Ócáid Faisnéise maidir leis an bhFóram Rialachais – Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht Boird – Breithnithe maidir le Daoine, Próiseas, Cultúr agus Feidhmíocht arna éascú ag an bhForas Riaracháin. Ba fheidhm na hócáide seo ná machnamh a dhéanamh ar dhea-cheanglais rialachais agus modhanna, próisis, réimsí fócais agus smaointeoireacht nua a phlé maidir le hathbhreithnithe.

Coinnítear Bunachar Scileanna agus Cáilíochtaí ag an Aonad maidir le baill foirne ACGGS uile.

1.9 Cuir i láthair arna dtabhairt ag pearsanra ACGGS

Tugann pearsanra ACGGS cuir i láthair PowerPoint do bhaill foirne ar bhonn rialta mar chuid de Chlár Oiliúna na mBleachtairí agus do mhic léinn Chéim II de chlár oiliúna an Gharda Síochána. Tugann na fóraim seo deis mionsonraí a thabhairt ar shainchúram reachtach an Aonaid, an obair a dhéanann an Aonad i gcomhréir le beartas Eagraíochta, agus chun faisnéis a thabhairt maidir le torthaí a fuarthas.

I bhFigiúr 2 thíos, tugtar mionsonraí na gcur i láthair arna dtabhairt ag ACGGS le linn 2018:

Figiúr 2 – Cuir i láthair arna dtabhairt ag ACGGS

Cúrsa Oiliúna na mBleachtairí	Clár Oiliúna an Gharda Síochána - Mic Léinn Chéim II
4 Eanáir 2018	1 Feabhra 2018
7 Feabhra 2018	13 Márta 2018
26 Feabhra 2018	12 Aibreán 2018
7 Márta 2018	5 Meitheamh 2018
11 Aibreán 2018	25 Meitheamh 2018
10 Meán Fómhair 2018	12 Meán Fómhair 2018

11 Meán Fómhair 2018	9 Deireadh Fómhair 2018
9 Deireadh Fómhair 2018	8 Samhain 2018
6 Samhain 2018	29 Samhain 2018

2. Cloí le Plean Oibre 2018

I mí an Mhárta 2018, mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil arna foilsiú ag an Aonad, thug ACGGS Plean Oibre don Údarás Póilíneachta. Moltar sa Phlean Oibre do 2018 go dtabharfar tús áite do thascanna a bhí le críochnú in 2017 a chur i gcrích. Dearbhaítear cur i gcrích na dtionscadal sin i bhFigiúr 2 thíos agus foilsiú na dtuarascálacha um Scrúdú agus Athbhreithniú nach raibh fós foilsithe faoi dheireadh 2017.

Áirítear i bPlean Oibre 2018 freisin creata ama tuartha maidir le tascanna a chur i gcrích agus léirítear baint amach na gcuspóirí sin le linn na tréimhse tuairiscithe i bhFigiúirí 3 - 4e thíos. Tugtar mionsonraí freisin ar thionscadail a tosaíodh ach nár cuireadh i gcrích.

Figiúr 3: Athbhreithnithe curtha i gcrích (2018)

Roinn	Ceantair	Creat Ama Réamh-mheasta do Chur i gCrích an Tionscadail, 2018				Stádas Reatha
		R1	R2	R3	R4	
Chill Chainnigh / Ceatharlach	Ceatharlach	✓				Foilsíodh an Tuarascáil maidir le Scrúdú ar Chill Chainnigh / Ceatharlach i Ráithe 1 mar a bhí beartaithe.
	Cill Chainnigh					
	Baile Mhic Andáin					
LCBÁC Thuaidh	Baile Brigín	✓				Foilsíodh an Tuarascáil maidir leis an Athbhreithniú ar Roinn Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh i Ráithe 1 mar a bhí tuartha.
	Baile Munna					
	An Chúlóg					
	Ráth Eanaigh					
Loch Garman	Inis Córthaidh		✓			Foilsíodh an Tuarascáil ar Athbhreithniú Loch Garman i Ráithe 2, 2018.
	Ros Mhic Thriúin					
	Loch Garman					

Sligeach / Liatroim	Baile an Mhóta			✓		Foilsíodh an Tuarascáil ar Athbhreithniú Shligigh / Liatroma i Ráithe 3, 2018.
	Liatroim					
	Sligeach					

Figiúr 4: Stádas Spriocanna Phlean Póilíneachta ACGGS do 2018 - Forbairt agus Acmhainn Eagraíochta

Gníomhaíocht	Toradh ACGGS	Creat Ama Réamh-mheasta do Chur i gCrích an Tionscadail, 2018				Stádas Reatha
		R1	R2	R3	R4	
Cur i bhfeidhm Náisiúnta an Phróisis athbhreithnithe um Imscrúdú & Athbhreithniú a bhaineann tacaíocht TF leis.	Cur i bhfeidhm Céimneach na Scéime Píolótaí i R1 agus a chinntiú go gcuirfear Ranna uile san áireamh faoi R4. Comhlíonadh feabhsaithe leis an bPróiseas Imscrúdaithe i ngach Réigiún agus Roinn.	✓	✓	✓ ✓	✓ ✓	De réir sprice Tá eolas mionsonraithe maidir le forbairt leanúnach an Réitigh TF i gCaibidil 3 den tuarascáil seo.
Monatóireacht ar Tuairisceáin um Imscrúduithe Ranna chun réimsí riosca ionchasacha agus réimsí láidreachtaí nó réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú laistigh de Roinn/Rannóg.	Nuachtlitir ACGGS, ina moltar an deachleachtais agus réimsí imní, a fhoilsiú gach ráithe do bhaill uile an Gharda Síochána.		✓	✓	✓	Cuireadh tús le Nuachtlitir ACGGS ina moltar an deachleachtais agus réimsí imní a fhoilsiú i mí an Mheithimh 2018 agus leanfar ar aghaidh leis ar bhonn ráithiúil.
Scrúduithe Téamacha a dhéanamh ar fud na hEagraíochta.	Tuarascálacha téamacha a fhoilsiú maidir le sainréimsí de thábhacht náisiúnta				✓	D'fhoilsigh ACGGS tuarascálacha téamacha maidir le gnéithe áirithe den Acht um

	Eagraíochta arna n-aithint trí fheasacht ar riosca.					Cheartas Coiriúil (Córas Fianaise Fóiréinsí agus Bhunachar Sonraí ADN) 2014 agus Tástáil Toimhdean ar Dhrugaí laistigh den Gharda Síochána i Ráithe 4, 2018.
--	---	--	--	--	--	--

Figióir 4a – Stádas Spriocanna Phlean Póilíneachta ACGGS do 2018 (Forbairt agus Acmhainn Eagraíochta ar lean)

Plean Póilíneachta an Gharda Síochána - Príomhréimse 1 - Feabhsúcháin maidir le Forbairt agus Acmhainn Eagraíochta							
Gníomhaíocht	Toradh	Creat Ama Réamh-mheasta le haghaidh Cur i gCrích Tionscadail, 2018				Stádas Reatha	
		R1	R2	R3	R4		
Forbairt Foirne & Feabhsúchán Cultúir.							
Nearthú na Foirniúlachta agus Lá na Moltaí le reáchtáil dhá uair sa bhliain.	Moltaí a mhealladh ón bhfoireann maidir le hobair théamach a bheidh le déanamh ag an Aonad sa todhchaí.	✓		✓		Reáchtáladh cleachtaí um neartú na foirniúlachta i gClub na nOifigeach, Ceanncheathrú an Gharda Síochána ón 19 Eanáir 2018 agus ar an 20 Aibreán 2018. Lorgaíodh moltaí le haghaidh Scrúduithe Téamacha ó bhainisteoirí Réigiúnacha agus ó phearsanra ACGGS.	
Oiliúint agus ceannaireacht a chur ar fáil trí dhea-shampla a léiriú don fhoireann uile maidir le soláthar seirbhíse eiticiúil.	Cuireadh oiliúint maidir le hEitic ar fhoireann uile ACGGS.	✓	✓	✓	✓	Tá Ceardlanna um Eitic curtha i gcrích ag foireann uile ACGGS. Lean Sáirsint amháin de cheardlanna um	

É a mholadh do bhainistíocht an Gharda Síochána go dtabharfar isteach “Seaimpín na hEitice” mar ról Ceantair.	Breithniú bhainistíocht an Gharda Síochána maidir le ról “Sheaimpín na hEitice” a bhunú.		✓			Eitic a réachtáil le linn 2018.
Scrúduithe Téamacha maidir le hEitic a Dhaingniú sa Gharda Síochána.	Scrúdú a dhéanamh ar dhaingniú an Chóid Náisiúnta um Eitic in 2018.				✓	Áireofar bunú an ról “sheaimpín na hEitice” mar mholadh sa Tuarascáil Téamach atá le teacht. Cuireadh tús le Scrúdú Téamach maidir le Daingniú an Chóid Eitice i Ráithe 4 2018 agus tá an tuarascáil sin le cur i gcrích i Ráithe 1 2019.

Figiúr 4b – Stádas Spriocanna an Phlean Póilíneachta 2018 (Forbairt agus Acmhainn Eagraíochta - ar lean)

Plean Póilíneachta an Gharda Síochána - Príomhréimse 1 - Feabhsúcháin maidir le Forbairt agus Acmhainn Eagraíochta						
Cuspóirí ón bPlean Náisiúnta	Gníomhaíocht	Creat Ama Réamh-mheasta le haghaidh Cur i gCrích Tionscadail, 2018				Stádas Reatha
		R1	R2	R3	R4	
Rialachas Feabhsaithe						
Iarraidh ar gach bunfaighteoir (Oifigeach Roinne nó Sealbhóir Polasaí) d’Fhoilseachán de Scrúdú ACGGS ardleibhéil tuairisc chun dáta a thabhairt ar bhileog sonraí Excel ar an stádas a bhaineann le cur i bhfeidhm moltaí.	Tuarascálacha maoirseachta maidir le glacadh moltaí ACGGS agus stádas cur chun feidhme na moltaí.	✓	✓	✓	✓	Leanann ACGGS de theagmháil a dhéanamh le Ranna de réir mar is cuí maidir le moltaí a rinneadh i dtuarascálacha a foilsíodh cheana.

Figiúr 4c – Stádas Spriocanna an Phlean Póilíneachta 2018 (Aghaidh a thabhairt ar an gCoireacht)

Plean Póilíneachta an Gharda Síochána - Príomhréimse 3 - Aghaidh a thabhairt ar an gCoireacht						
Gníomhaíocht	Toradh	Creat Ama Beartaithe do Chur i gCrích Tionscadail, 2018				Stádas Reatha
		R1	R2	R3	R4	

Ardchaighdeáin a chinntiú in Imscrúduithe Coireachta						
Scrúdú ar Ionchúiseamh Cásanna Coiriúla agus Caighdeáin Imscrúdaithe i dtuarascáil téamach.	Tuarascáil Téamach a fhoilsiú maidir le Caighdeáin Imscrúdaithe Coiriúla i gcás go bhfuil Cleachtais Cúirte á mbreithniú ag ACGGS.				✓	Cuireadh tús leis an tionscadal seo mar a bhí beartaithe i Ráithe 4 2018 mar scrúdú ar Chaighdeáin Nósanna Imeachta Cúirte. Ar iarratas ón Choimisinéir Cúnta, Réigiún an Tuaiscirt, rinneadh athbhreithniú ar na Téarmaí Tagartha don tionscadal seo i mí Eanáir 2019. Is é an cuspóir scrúdaithe anois ná <i>“Forléargas a fháil ar bheartas agus nósanna imeachta Eagraíochta – Triail Choiriúil a Stiúradh”</i> . Táthar ag súil go gcuirfear an Scrúdú i gcrích agus an tuarascáil foilsithe sa chéad leath de 2019.

Figiúr 4d – Spriocanna an Phlean Póilíneachta 2018 (Póilíniú Bóithre)

Plean Póilíneachta an Gharda Síochána - Príomhréimse 4 - Póilíniú Bóithre						
Gníomhaíocht	Toradh	Creat Ama Réamh-mheasta le haghaidh Cur i gCrích Tionscadail, 2018				Stádas Reatha
		R1	R2	R3	R4	
Ceachtanna Foghlamtha agus Trédhearcacht						
Monatóireacht leanúnach ar chomhaid cealúcháin Fógraí Muirear Seasta (FMSanna) chun a chinntiú go gcloítear le treoirlínte beartais agus Cód Eitice.	Tuarascálacha don Choimisinéir Cúnta um Póilíniú Bóithre ar bhonn míosúil maidir le monatóireacht ACGGS ar chealú FMSanna.	✓	✓	✓	✓	Leanann ACGGS le monatóireacht a dhéanamh ar Chealúcháin FMSanna. Roghnaítear sampla de chealúcháin go randamach ó dhá Réigiún gach mí agus lorgaítear doiciméid tacaíochta chun a chinntiú go bhfuil beartas á chomhlíonadh. Tá teacht ar eolas mionsonraithe maidir leis an réimse próisis

						seo i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo.
--	--	--	--	--	--	---------------------------------------

Figiúr 4e – Spriocanna an Phlean Póilíneachta 2018 (Rannpháirtíocht Pobail & Sábháilteacht an Phobail)

Plean Póilíneachta an Gharda Síochána - Príomhréimse 5 - Rannpháirtíocht Pobail & Sábháilteacht an Phobail						
Gníomhaíocht	Toradh	Creat Ama Réamh-mheasta le haghaidh Cur i gCrích Tionscadail, 2018				
		R1	R2	R3	R4	
Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara						
Teagmháil ghníomhach a dhéanamh le páirtithe leasmhara seachtracha lena n-áirítear an tÚdarás Póilíneachta, Cigireacht an Gharda Síochána, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Coimisiún um Athchóiriú Póilíneachta agus an Coiste Iniúchóireachta.	Freagra a thabhairt ar bhonn tráthúil agus trédhearcach ar iarratais ó chomhlachtaí maoirseachta seachtracha.	✓	✓	✓	✓	Leanann ACGGS le hidirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara seachtracha. Reáchtáladh cruinnithe le hionadaithe ón Údarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána le linn na tréimhse tuairiscithe.
Idirchaidreamh a dhéanamh le Foirne Bainistíochta Roinne/Rannach agus tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil dóibh maidir le dearbhú bainistíochta tríd an gCreat Feidhmíochta agus Cuntasacht agus Bainistíocht Riosca a chomhtháthú sa phróiseas um Imscrúdú agus Athbhreithniú.	Ceardlanna agus laethanta oiliúna le haghaidh gach Foirne Bainistíochta Ceantair ar bhonn céimneach in 2018.		✓	✓	✓	Rinneadh ceardlanna a éascú i ngach Roinn de réir mar a ndeachaigh an tionscadal athbhreithnithe um Imscrúdú agus Athbhreithniú r aghaidh.

2.1 Tascanna Breise ar Cuireadh Tús Leo in 2018

I mí an Mheithimh 2018, i ndiaidh Tuarascáil Bhliantúil 2017 de chuid ACGGS agus a Phlean Oibre le haghaidh 2018 a bheith curtha isteach, d'iarr Ceannfort na Rannóige Teileachumarsáide ar ACGGS scrúdú a dhéanamh ar an gcóras taifeadta NICE.

Cheadaigh Ard-Cheannfort ACGGS an tionscadal breise seo a chur le Plean Oibre ACGGS, agus d'ordaigh sé é mar thuarascáil théamach do 2018. Rinneadh roinnt cuairteanna ar an láthair i Ráithe 3 agus Ráithe 4, 2018 agus foilseofar tuarascáil deiridh i Ráithe 1, 2019.

2.2 Monatóireacht ar Phlean Póilíneachta ACGGS

Leanann ardbhainistíocht ACGGS de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le Plean Póilíneachta an Aonaid ag cruinnithe a reáchtáiltear ar bhonn rialta maidir leis an gCreat Feidhmíochta agus Cuntasacht. Táthar tar éis 'monatóir feidhmíochta oibre' míosúil a thabhairt isteach chun measúnú a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta ag cruinniú bainistíochta amháin sa mhí. Déantar an measúnú a thaifead i miontuairiscí na gcruinnithe ábhartha agus úsáidtear córas rátála dearg / ómra / glas chun dul chun cinn, dul ar chúl agus tús áite oibre a léiriú.

Déanfaidh ACGGS measúnú ar dhul chun cinn a chuid oibre i rith 2019 trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an bplean póilíneachta. Déanfar spriocanna nó torthaí nach mbaintear amach a mheasúnú ó thaobh riosca agus a athbhreithniú.

3. Próiseas Athbhreithnithe um Chigireacht agus Athbhreithniú

Cúlra:

Tugadh isteach an beartas uileghabhálach a rialaíonn Imscrúduithe agus Athbhreithnithe an Gharda Síochána i mí Iúil 2014 chun modheolaíocht éifeachtach a chinntiú don Gharda Síochána ina rialachas agus cuntasacht Eagraíochta foriomlán. Cuimsítear sa bheartas athbhreithnithe athruithe i bprionsabail, lena n-áirítear:

-  Minicíocht na -imscrúduithe
-  Riosca a úsáid chun réimsí imscrúdaithe a shainaithint
-  Cur chuige iomlánaíoch a úsáid maidir leis na réimsí freagrachta uile, seachas ceantair geografacha ar leith.

I rith 2015, leanadh de cheardlanna agus máistir-ranganna, arna n-éascú ag bainistíocht ACGGS agus Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána, a reáchtáil ar bhonn náisiúnta ar fud na hEagraíochta agus cuireadh an t-ábhar seo san áireamh i gcúrsaí um ardú céime le haghaidh Ard-Cheannfort agus Ceannfort chun tuilleadh comhlíonta sa réimse seo a thabhairt chun críche. D’ainneoin na móriarrachtaí seo, fuarthas go raibh an comhlíonadh leis an mbeartas seo neamh-chomhsheasmhach.

Scaipeadh ceistneoir arna fhorbairt ag ACGGS ar an ardbhainistíocht ar fud na hEagraíochta in 2017 d’fhonn saincheistanna a tháinig chun cinn sna Ranna, sna Ceantair agus sna rannóga speisialaithe nuair a bhí na hImscrúduithe agus Athbhreithnithe á ndéanamh a shainaithint. D’ordaigh Ard-Cheannfort ACGGS plean cuimsitheach a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí an tsuirbhé seo.

I bhfianaise na rátaí ísle comhlíonta i gcás na nImscrúduithe agus na nAthbhreithnithe, gheall ACGGS feabhas a chur ar an bpróiseas agus, i gcomhar leis an bhFoireann Bainistíochta na nIarratas Tairseach, cuireadh tús le próiseas imscrúdaithe deimhnithe le tacú na teicneolaíochta faisnéise, a ligeann do bhainistíocht áitiúil imscrúdú a dhéanamh ar réimsí ar ábhar inní iad, a thugtar chun suntais ag measúnú riosca, sonraí Eagraíochta nó próisis áitiúla.

Tugadh tús áite don tionscadal seo i Ráithe 4 2017 d’fhonn leas a bhaint as ‘an bhfuinneog TF’ a bhí ann ag an am. Tá uathphróiseas tionscnaimh agus seachadadh sonraí do ACGGS le tacú TF ina chuid den phróiseas imscrúdaithe athbhreithnithe ina bhfuil sé éasca an aighneacht

ardleibhéil nó aighneacht tosaíochta a shainaithint san aighneacht leictreonach. Laghdaíonn sé sin an méid suntasach ábhar a chaithfear a ghabháil tríd chun na haighneachtaí ábhartha a shainaithint, rud a ligeann do luathghníomhaíocht ceartaitheach a mholadh agus a chur i bhfeidhm. Cuireadh tréimhse fhiúntach thástála i gcrích agus seoladh scéim phíolótach i 6 Roinn / rannóg speisialaithe i R1 2018 agus d'aontaigh Roinn Shligigh, Roinn Thiobraid Árann, Roinn Chathair Chorcaí agus Roinn Mhaigh Eo, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Drugaí & Coireacht Eagraithe agus Coláiste an Gharda Síochána a bheith páirteach ann.

Táthar tar éis suíomh nua le haghaidh Fhoireann ACGGS a thógáil ar Thairseach an Gharda Síochána agus is féidir rochtain leictreonach a fháil ar an bpróiseas imscrúdaithe athbhreithnithe tríd an leathanach gréasáin inlín. Tá “Treoir maidir le Conas Rud Áirithe a Dhéanamh”, “Físeanna Oiliúna” agus naisc thapa ábhartha eile go foirmeacha agus faisnéis teagmhála ar fáil mar thacú leis an gcóras.

I gcomhréir le gealltanais a rinneadh mar chuid den Phlean Póilíneachta do 2018, foilsítear nuachtlitreacha ráithiúla anois a chuirfidh béim ar chleachtais póilíneachta laga agus cleachtais póilíneachta láidre mar iarracht chun réimsí riosca a laghdú agus caighdeán a fheabhsú ar fud na hEagraíochta.

Dul chun cinn le linn 2018:

Ceadaíonn an réiteach TF do ACGGS bainistiú, monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar Thuairisciú Roinne um Chigireacht agus Athbhreithniú trí Ardán Thairseach an Gharda Síochána. Ligeann an próiseas nua do ACGGS Cigireacht ráithiúil a chur ar siúl tríd an gcóras TF ar líne agus bíonn ar gach bainisteoir an tImscrúdú agus Athbhreithniú a chur isteach laistigh de chreat ama sonraithe. Comhtháthaíonn an Réiteach TF na gnéithe riosca den bheartas ‘Cur Chuige Athbhreithnithe i leith Riosca’. Ligfidh é seo do Chigireachtaí atá spriocdhírith ar riosca agus roghnaithe ag foirne bainistíochta Roinne, mar aon le heisiúint “Cigireacht Fhorordaithe” ag ACGGS, ar ordú ó ardbhainistíocht an Gharda Síochána agus, ar an gcaoi sin, tacaíocht a thabhairt d’Fheidhmiúchán an Gharda Síochána chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí ar bith atá ag teacht chun cinn. Tá an feidhmchlár curtha i bhfeidhm sna Ranna seo a leanas: Sligeach (ó Ráithe 1 2018), Maigh Eo, Cathair Chorcaí, Tiobraid Árann (ó Ráithe 2 2018), Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Drugaí & Coireacht Eagraithe (ó Ráithe 3, 2018), Coláiste an Gharda Síochána (ó Ráithe 4 2018), Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas-Lár, Gaillimh, Mí agus Lú (ó Ráithe 1 2019), agus tá Roinn an

Chabháin / Muineacháin le bheith páirteach i Ráithe 2 2019. Roimh chlárú sa tionscadal, tá cuir i láthair mionsonraithe le cur ar fáil ag pearsanra ACGGS don bhainistíocht áitiúil. Tá sliocht as an gcur i láthair tugtha in Aguisín C chun críoch tagartha. Léirítear i bhFigiúr 5 thíos na cuir i láthair arna gcur ar fáil do na Ranna mar chuid den phróiseas athbhreithnithe um Chigireacht agus Athbhreithniú.

Figiúr 5 – Cuir i Láthair ‘Tuairisceán um Imscrúdú agus Athbhreithniú (TIA)’ Curtha ar Fáil

Cuir i Láthair TIA Curtha ar Fáil	
Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána	23 Eanáir 2018
Foireann Roinne na Samhla Póilíneachta	15 Feabhra 2018
Comhlachais Ard-Cheannfort & Ceannfort	18 Aibreán 2018
Oifig Bainistíochta Riosca	27 Aibreán 2018
Roinn Shligigh	17 & 18 Bealtaine 2018
Cathair Chorcaí	21 & 22 Bealtaine 2018
Roinn Thiobraid Árann	28 & 29 Bealtaine 2018
Coimisinéir Cúnta Réigiún an Deiscirt - Samhail Póilíneachta Roinne	11 Meitheamh 2018
Roinn Mhaigh Eo	20 & 21 Meitheamh 2018
Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Drugaí & Coireacht Eagraithe	20 Iúil 2018 11 Deireadh Fómhair 2018 - Seisiún Praiticiúil
Coláiste an Gharda Síochána	20 Lúnasa 2018
Coimisinéir Cúnta Réigiún an Tuaiscirt	24 Meán Fómhair 2018
Coimisinéir Cúnta Rialachas & Cuntasacht	25 Meán Fómhair 2018
Coimisinéir Cúnta Réigiún an Iarthar	3 Deireadh Fómhair 2018
Roinn na Gaillimhe	20 & 21 Samhain 2018
Roinn Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas-Lár	5 Samhain 2018 4 Márta 2018 - Seisiún Praiticiúil
Roinn na Mí	1 Samhain 2018
Roinn Lú	19 Samhain 2018
Roinn an Chabháin / Muineacháin	4 Feabhra 2019

Roinn Chill Chainnigh	6 Feabhra 2019
Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce	20 Márta 2019

4. Tuarascálacha Téamacha 2018

Moltar i bPlean Oibre 2018 tús a chur le Tuarascálacha Téamacha sna 5 réimse seo a leanas:

1. Oibriú an Achta ADN
2. Oibriú Tástála Toimhdean ar Dhrugaí
3. Tuarascáil ar Agallóireacht Imscrúdaitheach
4. Caighdeáin in Ionchúisimh Choiriúla
5. Seirbheáil Toghairme
6. Daingniú an Chóid Eitice

Foilsíodh na tuarascálacha Téamacha seo a leanas i Ráithe 4, 2018:

-  Gnéithe Áirithe den Acht um Cheartas Coiriúil (Córas Fianaise Fóiréinsí agus Bhunachar Sonraí ADN) 2014
-  Tástáil Toimhdean ar Dhrugaí laistigh den Gharda Síochána

Cuireadh tús le hobair maidir leis na Tuarascálacha Téamacha seo a leanas agus tá céim i bhfad amach bainte amach ag an obair sin anois. Táthar ag súil go bhfoilseofar iad i Ráithe 1 2019:

-  Agallóireacht Imscrúdaitheach
-  Caighdeáin in Ionchúisimh Choiriúla
-  Seirbheáil Toghairme
-  Daingniú an Chóid Eitice

Cuireadh tús le hobair ar an tionscadal “Caighdeáin in Ionchúisimh Choiriúla” ach, ar iarratas ón Choimisinéir Cúnta, Réigiún an Tuaiscirt, rinneadh athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an tionscadail seo i mí Eanáir 2019. Is é cuspóir an scrúdaithe anois ná “*Forléargas a fháil ar bheartas agus nósanna imeachta Eagraíochta – Triail Choiriúil a Stiúradh*”. Is díol spéise é go bhfuil an scrúdú seo á dhéanamh i gcomhpháirtíocht le foireann an Choimisinéara Cúnta atá ag obair faoi láthair ar cheachtanna foghlama ón teagmhas, ‘An Cosán’.

4.1 Forbhreathnú gairid ar Thuarascálacha atá Curtha i gCrích

(A) Gnéithe Áirithe den Acht um Cheartas Coiriúil (Córas Fianaise Fóiréinsí agus Bhunachar Sonraí ADN) 2014

Déantar foráil san Acht um Cheartas Coiriúil (Córas Fianaise Fóiréinsí agus Bhunachar Sonraí ADN) 2014 do chóras Bhunachar ADN a bhunú lena úsáid ag an nGarda Síochána mar fhoinse faisnéise in imscrúduithe coiriúla agus chun cabhrú chun daoine atá ar iarraidh nó daoine anaithnid a aimsiú nó a shainaithint. Cuimsítear 172 alt mionsonraithe san Acht agus tá 231 leathanach ar fad ann, Sceidil san áireamh. Dá bhrí sin, bheadh scrúdú ar an Acht iomlán thar raon scrúdú ACGSS agus mar sin dhírigh an Scrúdú Téamach ar an Innéacs Tagartha sa Rannóg Imscrúdaitheach den Córas Bunachair ADN amháin.

Rinne ACGGS breithniú ar na saincheistanna agus ábhair inní seo a leanas agus an Tuarascáil á cur le chéile:

1. Comhlíonadh le beartas agus rialacháin i gcomhréir leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Córas Fianaise Fóiréinsí agus Bhunachar Sonraí ADN) 2014.
2. Comhlíonadh le Cód Cleachtais ADN an Gharda Síochána.
3. Comhlíonadh leis na prótacail i scríbhinn idir Coimisinéir an Gharda Síochána agus Stiúrthóir Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann maidir le seachadadh, tuairisciú agus scriosadh samplaí agus próifílí ADN atá tógtha, de bhun an Achta um Cheartas Coiriúil (Córas Fianaise Fóiréinsí agus Bhunachar Sonraí ADN) 2014.
4. An córas, sásra tuairiscithe agus rialuithe i bhfeidhm.
5. Cáilíocht na sonraí agus an fhaisnéis atá á coinneáil ar córais TF.

Rinne ACGGS teagmháil leis an Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóiréinseach (ONCF) maidir leis na sonraí ar fad atá ar fáil i leith samplaí ADN ón 1 Meán Fómhair 2016 go dtí an 8 Bealtaine 2018. D'fhorbair ACGGS ceistneoirí mionsonraithe agus scaipeadh iad ar na hOifigigh Roinne uile agus ar Phearsanra Oifigí Roinne roimh an chuid sin den Scrúdú Téamach a bhí le déanamh ar an láthair.

I Ráithe 3 2018, thug pearsanra ACGGS cuairt ar 12 Roinn oibríochtúla. D'fhone raon cuimsitheach geografach a chinntiú, roghnaíodh Roinn amháin ar a laghad laistigh de gach Roinn an Gharda Síochána agus tugadh cuairt ar stáisiúin uirbeacha agus stáisiúin tuaithe. Le linn na gcuairteanna ar an láthair, rinne ACGGS agallaimh leath-struchtúrtha le pearsanra an

Gharda Síochána, scrúdaigh siad Taifid Choimeádta maidir le coinneáil údaráithe, agus rinne siad comhfhreagras maidir le hUimhreacha Tagartha Samplacha a lorg ó gach Oifig Roinne.

Achoimre ar na Torthaí:

Bhí na torthaí seo a leanas i measc na dtorthaí a fuair ACGGS le linn an Scrúdaithe Théamaigh:

-  Sainaithníodh roinnt saincheistean i ndáil le conas a rinne ONCF taifeadadh samplaí / próifílí a bhainistiú agus a mhonatóiriú i gcomhréir leis an Acht. Fuarthas, áfach, nach bhfuil go leor foirne ag ONCF faoi láthair.
-  D'ainneoin go ndúirt 55% de bhaill a cuireadh faoi agallamh go raibh oiliúint de shaghas éigin curtha orthu maidir le ADN a thógáil, a chur isteach, a choinneáil agus a scriosadh, léirigh 81% de phearsanra go bhfuil samplaí ADN á dtógáil acu. Chuir baill in iúl go raibh treoir físe ar Thairseach an Gharda Síochána maidir le conas sampla ADN a thógáil ina cabhair mhór chuige sin.
-  Dúirt 73% de Ghardaí a cuireadh faoi agallamh go bhfuil siad ar an eolas faoi chóras a chinntíonn go gcuirtear samplaí ADN ar aghaidh chuig Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann agus go gcoinnítear/ scriostar iad de réir an Achta.
-  Fuair pearsanra an Aonaid um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána go raibh sonraí samplaí ADN a bhí údaráithe / a tógadh le linn coinneála taifeadta i 67% de na Taifid Choinneála a scrúdaíodh.
-  Dúirt 73% de Ghardaí a cuireadh faoi agallamh go bhfuil siad ar an eolas faoi chóras a chinntíonn go gcuirtear samplaí ADN ar aghaidh chuig Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann agus go gcoinnítear/ scriostar iad de réir an Achta.
-  Cuir na Gardaí 92% de Thuarascálacha Meaitseála i bhfeidhm.
-  Cé go bhfuair ACGGS go raibh easpa maoirseachta agus rialachais i gceist maidir le conas a fhreagair Ceantair agus Ranna do chomhfhreagras ó ONCF, dúirt 85% d'Oifigigh Cheantair go bhfeabhsódh sé freagairt na nGardaí dá mbeadh deis ann fógraí ONCF a thaifeadadh tríd an bpróiseas Feidhmíochta agus Cuntasaíochta.

Conclúid:

Bhí sé d'fheidhm ag an Scrúdú Téamach a rinne ACGGS fadhbanna nó dea-chleachtais Eagraíochta maidir le tógáil, cur isteach agus coinneáil / scriosadh samplaí / próifílí ADN a shainaithint. Mar thoradh ar an taighde, rinneadh 38 moladh sonracha. Go háirithe, fuair ACGGS nach raibh na forálacha reachtacha a bhaineann le tógáil, coinneáil nó scriosadh samplaí ADN ar roinnt cúiseanna lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, easpa feasachta

agus oiliúna sa réimse seo. Fuair ACGGS freisin go raibh easpa maoirseachta agus rialachais i gceist maidir le samplaí a chur isteach chuig Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann agus coinneáil / scriosadh samplaí / próifílí. Géilleann ACGGS go bhfuil gá córas láidir a thabhairt isteach chun na saincheisteanna seo a láimhseáil ag an leibhéal Ceantair agus Roinne.

Chomh maith leis sin, sainaithníodh ACGGS roinnt saincheisteanna i ndáil le conas a dhéanann ONCF taifeadadh samplaí / próifílí a bhainistiú agus a mhonatóiriú de réir an Achta. Go sonrach, is gá déileáil láithreach leis an easpa foirne ag an Oifig Náisiúnta um Chomhordú Fóiréinseach, rud is ábhar imní Eagraíochta é. Táthar ag súil go rachaidh cur chun feidhme céimneach na moltaí arna ndéanamh ag ACGGS i ngleic leis na réimsí atá aitheanta mar ábhar imní agus go gcuirfidh sé feabhas ar na próisis agus nósanna imeachta sa réimse póilíneachta rithábhacht seo.

(B) Tástáil Toimhdean ar Dhrugaí laistigh den Gharda Síochána

Ba fheidhm leis an Scrúdú Téamach seo ná tionchar na Tástála Toimhdean ar Dhrugaí (TTD) a mheas maidir le imscrúduithe a rinneadh de bhun Ailt 3 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977 - 1984 ó cuireadh tús leis, agus breithniú a dhéanamh ar na leasa a bhaineann leis an gcóras seo don Gharda Síochána agus d'Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann a bhí drugaí rialaithe uile á n-anailísiú acu don Gharda Síochána sular tugadh isteach TTD. Dhírigh an tuarascáil freisin ar an leibhéal feasachta i measc phearsanra an Gharda Síochána ag gach céim maidir leis an mbeartas agus na nósanna imeachta a bhaineann le Tástáil Toimhdean ar Dhrugaí (TTD) mar aon leis an méid a ghlactar leis an gcóras sna Cúirteanna go náisiúnta.

Tá an-dul chun cinn déanta ón am a tugadh isteach an próiseas TTD in 2011. Is díol suntais é an laghdú ar líon na samplaí a cuireadh faoi bhráid Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (4,787 in 2010 i gcomparáid le 2,922 in 2017) agus táthar ag súil go gcabhróidh ábhar na Tuarascála Téamaí arna fhoilsiú ag ACGGS agus na moltaí atá déanta inti chun an próiseas a fheabhsú tuilleadh.

Achoimre ar na Torthaí:

Bhí na torthaí seo a leanas i measc na dtorthaí a fuair ACGGS le linn an Scrúdaithe Théamaigh:

- ✚ Dheimhnigh Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann go raibh moill ag baint uaireanta le Deimhnithe Anailíse a eisiúint i gcás imscrúduithe um Sheilbh Shimplí de dheasca méid na ndrugaí rialaithe a chuirtear ar aghaidh le haghaidh anailísiú.
- ✚ Tá TTD á húsáid ag Ranna uile an Gharda Síochána agus tá beartas na hEagraíochta á chomhlíonadh ag an gcuid is mó de Ranna an Gharda Síochána maidir leis na Tástálacha TTD a rinneadh a thaifeadadh.
- ✚ Baineann éagsúlacht ar fud na tíre leis an méid a ghlacann na Breithiúna leis an bpróiseas.
- ✚ Ba cheart fiosrú a dhéanamh maidir le stádas reachtach a thabhairt don phróiseas TTD.
- ✚ Tá gá le doiciméad beartais Eagraíochta uileghabhálach agus cuimsitheach i ndail le TTD.
- ✚ Níl uimhreacha aitheantais uathúla ag na pacáistí TTD chun críocha iniúchóireachta.
- ✚ Roimh an chuid sin den Scrúdú Téamach a dhéantar ar an láthair, fuair ACGGS go raibh an leibhéal comhlíonta maidir leis na Tástálacha TTD a rinneadh a thaifeadadh (i gcomhréir le Treoir 35/2015 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána) ag 72%. Má theiptear cloí le beartas Eagraíochta chuige sin, beidh míchruinneas ag baint leis an Tuarascáil Staitistiúil TTD, arna tabhairt isteach ag PULSE, Eisiúint 6.7.
- ✚ Ba cheart trealamh breise amhail mascanna aghaidh agus bileog steiriúil, cosúil leis an gceann a bhíonn istigh le pacáistí ADN, a chur ar fáil do bhaill foirne chun críocha na dTástálacha TTD a dhéanamh.

Conclúid:

Tugtar dearbhú réasúnta sa Scrúdú Téamach go bhfuil an próiseas TTD á úsáid ag Eagraíocht an Gharda Síochána, i bhfianaise an laghdú suntasach a tháinig ar líon na samplaí a cuireadh faoi bhráid Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann ó thús na dtástálacha sin. Cothaítear deacracht, áfach, do Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann toisc nach bhfuil na Breithiúna sásta glacadh leis an bpróiseas i gceantair áirithe agus go bhfuil líon mór samplaí fós á gcur chucu lena n-anailísiú dá bharr.

Fuair ACGGS nach bhfuil an próiseas TTD á úsáid go lánacmhainn ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, easpa forála reachtaíochta agus easpa oiliúna agus feasachta a bhraitear a bheith ann sa réimse seo.

Tá moltaí láidre tugtha ag ACGGS agus táthar ag súil go mbeidh na moltaí sin ina mbonn taca don shealbhóir polasaí chun an réimse próisis seo a chur ar aghaidh agus a chur chun feabhais.

4.2 Obair Bhreise arna déanamh ag an Aonad agus gan a bheith Molta i bPlean Oibre 2018

Athbhreithniú ar an gCóras NICE (Taifeadadh línte éigeandála an Gharda Síochána)

I mí Dheireadh Fómhair 2017, chuir an tÚdarás Póilíneachta Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais³ ina luaitear go raibh próiseas cigireachta lámhoibrithe curtha i bhfeidhm ag an nGarda Síochána chun a chinntiú nach féidir taifeadadh a dhéanamh ar aon fholínte teileafóin neamhúdaraíthe. De réir na tuarascala:

“4. Úsáid na Teicneolaíochta chun dul i ngleic le himní maidir le taifeadadh teileafóin

...Tá sé á mholadh ag an údarás go ndéanfaidh an Coimisinéir é féin a shásamh in 2018 maidir le héifeachtúlacht an gcóras lámhoibrithe seo trí Sheirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána nó tríd an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla”.

I mí na Samhna 2017, iarradh trí chomhfhreagras ó Phríomhfheidhmeannach an Údaráis Póilíneachta go gcinnteodh Coimisinéir an Gharda Síochána ⁴“éifeachtúlacht lámhoibriú an chórais NICE INFORM trí Sheirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána nó tríd an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla....”.

In 2018, rinne ACGGS scrúdú ar na rialuithe arna gcur i bhfeidhm ag an gCeannfort, Teileachumarsáid ar cheart dearbhú a thabhairt maidir le taifeadadh glaonna teileafóin laistigh de ghréasán teileafón an Gharda Síochána.

Mar atá chúrsaí faoi láthair, ní aistrítear go Ceanncheathrú Roinne an Gharda Síochána agus ionaid rialaithe an Gharda Síochána ach glaonna éigeandála a aistrítear go línte speisialaithe an Gharda Síochána (i.e. glaonna 999) ón tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála. Cé nach mbaineann sé seo ach amháin leis an Ionad Cumarsáide (Ceannas agus Rialú) i Sráid Fhearchair faoi láthair, cuirfear an córas i bhfeidhm i roinnt ionad rialaithe a bhunófar i Ráithe 2 2019. Go bunúsach, níl comhráite d’aon sórt eile á dtaifeadadh. Chun é sin a chinntiú, agus chun an Garda Síochána a chur ar a shuaimhneas, thug ACGGS cuairt randamach ar

³ Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn don Aire i gcomhréir le hAlt 620(6) d’Acht an Gharda Síochána 2005 maidir le freagairt an Gharda Síochána do Thuarascáil Choimisiún Imscrúdúcháin Fennelly.

⁴ PA/2017/290

Cheanncheathrúna Roinne, áit a bhfuil an córas NICE suiteáilte. Fuarthas go raibh na ciorcaid taifeadta dínasctha i ngach cás. Cuireadh gach teicneoir teileachumarsáide faoi agallamh chun tuiscint faoin ról a chinntiú maidir leis na línte sin a athnascadh agus faoin údarás atá ag teastáil chun é sin a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, thug ACGGS cuairt ar an aonad teileachumarsáide i gCeanncheathrú an Gharda Síochána agus cuireadh agallamh ar phearsanra Teileachumarsáide a bhfuil sé de chead acusan amháin líne taifeadta a athnascadh nuair a dhéantar an líne fhisiciúil a athnascadh trí lasc bhogearraí a úsáid, lasc nach bhfuil rochtain uirthi ach ag an bhfoireann Teileachumarsáide i gCeanncheathrú an Gharda Síochána.

Tá ACGGS sásta go bhfuil na páirtithe uile ar an eolas nach bhfuil cead líne taifeadta a athbhunú ach le cead ón Ard-Cheannfort, Teileachumarsáid. Tá ACGGS sásta go bhfuil taifeadadh comhráití teileafóin laistigh de ghréasán an Gharda Síochána teoranta go docht go línte éigeandála. Tá tuarascáil Téamach iomlán á tiomsú faoi láthair agus cuirfear faoi bhráid fhoireann ardcheannaireachta an Gharda Síochána roimh dheireadh Ráithe 2 2019.

5. Scrúduithe & Athbhreithnithe ACGGS

Ó bunaíodh é, tá ACGGS tar éis leanúint d'athbhreithnithe a dhéanamh ar a mhodheolaíochtaí faoi Alt 24 d'Acht an Gharda Síochána 2005 (arna leasú). In 2018, rinne ACGGS Scrúduithe agus Athbhreithnithe i gcomhréir lena shainchúram reachtach.

5.1 Roinn Chill Chainnigh / Ceatharlach

Mar a léirítear i bhFigiúr 3 (Caibidil 2), agus i ndiaidh don ardbhainistíocht áitiúil breithniú a dhéanamh ar an dréacht-Tuarascáil ar an Scrúdú i ndiaidh a seachadta in 2017, d'fhoilsigh ACGGS tuarascáil deiridh maidir le Roinn Chill Chainnigh / Ceatharlach le linn na tréimhse tuairiscithe. Déanfar na Tuarascálacha Roinne agus Ceantair gaolmhara a fholú agus cuirfear ar aghaidh iad chuig Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Póilíneachta lena seachadadh ag Feidhmiúcháin an Gharda Síochána don Údarás Póilíneachta in am trátha. Áirítear na réimsí próisis seo a leanas sa Scrúdú Roinne:

-  Imscrúdú ar Ghearáin Choiriúla
-  Athbhreithniú agus Anailísiú ar Theagmhas Foréigin Baile
-  Foirmeacha RC1 agus Cruthú Teagmhas PULSE Gaolmhara
-  Bainistíocht Foilseán agus Maoine
-  Sláinte & Sábháilteacht
-  Imscrúdú ar Choireacht Ghnéis
-  Monatóireacht ar Chiontóirí Gnéis
-  Bainistíocht Roinne um Mhóréigeandáil
-  Agallóireacht Imscrúdaitheach
-  Cigireachtaí agus Athbhreithnithe – Treoir 59/2014 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána
-  Eisiúint PULSE 6.8

5.1.1 Modheolaíocht

Cuimsítear na nithe seo a leanas sa mhodheolaíocht a úsáidtear sa scrúdú Roinne:

Céim 1 – Taighde Cúlra

Rinne ACGGS taighde críochnúil ar gach réimse próisis a bhí le scrúdú chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar an staid reatha laistigh den Gharda Síochána. Mar chuid den taighde seo, rinneadh sainaithint agus scrúdú ar na sonraí foinseacha ábhartha a bhaineann leis an

réimse ábhair, lena n-áirítear, mar shampla, Cód an Gharda Síochána, an Lámhleabhar um Theicnící Imscrúdaithe Coiriúla, Ciorcláin agus Treoir ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána, lámhleabhair oibriúcháin agus oiliúna, bunábhair sheachtracha ábhartha agus reachtaíocht a bhaineann leis an gceantar.

Céim 2 - Scrúdú ar Chomhad

Lorgaíodh agus fuarthas comhaid imscrúdúcháin ón Roinn. I réimsí Scrúdúcháin eile, roghnaíodh teagmhais PULSE go randamach. Rinne ACGGS na comhaid agus na teagmhais ghaolmhara a scrúdú roimh na Scrúduithe ar an láthair.

Céim 3 – Agallaimh Leath-Struchtúrtha

Más cuí, cuirtear agallaimh leathstruchtúrtha ar siúl agus ceapann an tOifigeach Roinne / Ceantair ábhartha na baill a n-éiríonn leo agus a bhfuil freagracht orthu nó eolas oibre acu maidir leis an réimse ábhair faoi Scrúdú.

Bhí na hagallaimh ina gcabhair chun comhlíonadh áitiúil le beartas reatha a thástáil i ngach réimse Scrúdúcháin. Chuir an próiseas agallaimh leis an bhfaisnéis a bhí bailithe cheana féin. Rinne sé soiléiriú ar na nósanna imeachta i bhfeidhm freisin agus ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm iad.

Céim 4 – Anailís ar Thorthaí

Chabhraigh an measúnú a rinneadh ar an bhfaisnéis ar fad a bailíodh le linn an phróisis Scrúdúcháin chun Láidreachtaí agus Réimsí Imní a shainaithint.

Ullmhaíodh dréacht-tuarascáil ansin agus eisíodh é chuig na hOifigigh Roinne agus Ceantair chun a dtuairimí a fháil. I ndiaidh comhairliúcháin leis an bhfoireann bainistíochta Roinne agus ACGGS, foilsíodh na tuarascálacha agus cuireadh ar aghaidh iad chuig an mbainistíocht áitiúil agus Coimisinéir an Gharda Síochána.

Céim 5 – Cur Chun Feidhme na bhFeabhsúchán

Is próiseas leanúnach don bhainistíocht áitiúil é tabhairt isteach feabhsúchán agus tá ACGGS tar éis iarraidh go dtabharfar aird mar is cuí ar na Réimsí Imní agus Moltaí uile. Aithníonn ACGGS cé go mbeidh sé éasca cuid de na Moltaí a chur i bhfeidhm, beidh próiseas leanúnach i gceist le cuid eile díobh go dtí go gcuirfear i gcrích iad. Ba cheart an próiseas sin a thaifeadadh agus athbhreithniú a dhéanamh air ar bhonn rialta tríd an bpróiseas um Chigireacht agus Athbhreithniú i gcomhréir le Treoir 59/2014 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána.

Tabharfaidh ACGGS treoir agus cabhair do Chigirí Idirchaidrimh Ceantair más gá agus beidh sé de fhreagracht ar na hOifigigh Roinne agus Ceantair úinéireacht ar na deiseanna feabhsúcháin agus ar a bhforbairt, a gcur chun feidhme agus a gothabháil a chur in ord tosaíochta, a ghrúpáil agus a shannadh. Déanfar gníomhaíochtaí ceartaitheacha a scrúdú mar chuid den phróiseas Athbhreithnithe arna dhéanamh ag ACGGS.

5.1.2 Scrúdúchán Céimneach & Torthaí Ábhartha

Imscrúdú ar Ghearáin Choiriúla

Mar thoradh ar scrúdú a rinneadh ar chomhaid imscrúdaithe a roghnaíodh go randamach ó na catagóirí coireachta seo a leanas, rinneadh saincheisteanna maidir le caighdeán, cáilíocht agus tráthúlacht na gcomhad a roghnaíodh ar fud na Roinne a shainaithint:

-  Buirléireacht
-  Robáil/Goid
-  Tiománaithe faoi Thionchar an Óil
-  Ionsaí

Cé nár réimsí tromchúiseacha go ginearálta iad na Réimsí ar Ábhar Imní Iad a shainaithníodh maidir le hImscrúdú ar Ghearáin Choiriúla, ba chúis imní go speisialta iad na comhaid a fuarthas ó Cheantar amháin agus a bhain le hIonsaithe. I gcás amháin, níor cuireadh comhad imscrúdaithe isteach le haghaidh teorach go dtí breis agus dhá bhliain i ndiaidh an teagmhais féin, nuair a bhí fógra faighte ó ACGGS maidir leis an Scrúdú. Bhí neamhréitigh shuntasacha i ndoiciméid a fuarthas maidir le himscrúdú eile. Is díol suntais é gur thug an bhainistíocht áitiúil faoi ghníomhaíocht thapa agus réamhghníomhach nuair a cuireadh ar an eolas iad faoin imní seo agus chomh maith le ceapachán a rinneadh faoi Rialachán 14 de Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána 2007, d'ordaíodh athbhreithniú láithreach ar chomhaid imscrúdaithe uile, idir chomhaid reatha agus chomhaid stairiúla, a bhain leis an mball sin den Gharda Síochána.

Athbhreithniú agus Anailísiú ar Theagmhas Foréigin Baile

Mar chuid de na teagmhais Foréigin Baile a scrúdú, tógadh rogha randamach de Theagmhais PULSE faoi gach saghas catagóir laistigh den dá Roinn. Rinneadh scrúdú ar gach teagmhas chun a gcomhlíonadh le reachtaíocht agus beartas a chinntiú. Níor léir i gcásanna áirithe gur cuireadh faisnéis nó comhairle ar an duine díobhálaíthe maidir le hOrduithe Foréigin Baile atá ar fáil nó ar tugadh faisnéis nó comhairle maidir leis na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil. Fuarthas go raibh Foirm Tuairiscithe Teagmhais maidir le Beartas Foréigin Baile in úsáid sa Roinn ó

bhí mí Iúil 2013 ann agus éilítear faoin mbeartas áitiúil go gcuirtear an fhoirm sin i gcrích maidir le gach teagmhas Foréigin Baile a tharlaíonn. Ar na foirmeacha sin, déantar faisnéis uile a bhaineann leis an gcomhairle a tugadh do na daoine díobhálaithe, comhlánaítear gach foirm go háitiúil agus seolfar cóip ar aghaidh chuig an gCigire ar a bhfuil freagracht Roinne sa réimse seo. Cé gur chuir ACGGS fáilte roimh an tionscnamh seo agus gur thug ardmholadh dó, cuireadh béim sa tuarascáil freisin ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfaisnéis a thaifead ar an gcóras PULSE freisin. Cinnteofar leis sin, i gcás go bhfuil íospartaigh nó duine atá faoi amhras ciona ina gcónaí i Roinn eile an Gharda Síochána, bheadh an fhaisnéis ábhartha go léir ar fáil do Ghardaí roimh theagmháil, nó le linn teagmhála, leis na daoine sin.

Foirmeacha RC1 agus Cruthú Teagmhas PULSE Gaolmhara

Cuimsítear 4 ghné sna Foirmeacha Scrúduithe RC1:

1. Dátaí randamacha le haghaidh scrúduithe.
2. Roghnaíodh sonraí maidir le glaonna a taifeadadh agus, i bhfianaise a gcineál, a bhfuil an chuma ar an scéal gur cheart Teagmhas PULSE a chruthú fúthu.
3. Cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn liosta de na foirmeacha RC1 a roghnaíodh, gach ceann díobh, i bhfianaise a gcineál, ar cheart teagmhas PULSE a bheith cruthaithe fúthu, agus lorgaíodh na huimhreacha PULSE ábhartha.
4. Anailís ar an tuairisceán Roinne maidir leis an bhfaisnéis a lorgaíodh.

Is éard a bhí i gceist leis an Scrúdú ná rogha randamach de na glaonna a taifeadadh i ngach Roinn a bhí an chuma ar an scéal gur cheart teagmhas PULSE a bheith cruthaithe mar gheall orthu. Ní raibh teagmhais PULSE ghaolmhara le fáil i gcás roinnt mhaith de na teagmhais a bhí foirmeacha RC1 ann ina leith, áfach, agus scríobhadh chuig an Oifig Roinne chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo. Tugadh tuarascálacha ar dhul chun cinn do ACGGS ar bhonn rialta agus táthar tar éis teagmhais PULSE a thaifeadadh ó shin i ndáil le gach foirm RC1, de réir mar is cuí. Tríd an Scrúdú freisin, sainaithníodh roinnt teagmhas PULSE a fuarthas go raibh taifeadadh ar PULSE lasmuigh de na hamlínte a leagtar amach in Eisiúint PULSE 1c – Freagairt ar Eachtraí, agus rinneadh moladh oiriúnach do ACGGS chuige sin.

Is díol suntais é go raibh roinnt feabhsúchán in Eisiúint PULSE 7.3 a cuireadh chun na hEagraíochta i mí Feabhra 2018, lena n-áirítear feidhmiúlacht nua lenar féidir le glaonna Seachadadh Ríomhchuidithe (SRC)/ eRC1 tús a chur le creat-theagmhas PULSE a chruthú go

huathoibríoch. Déantar uimhir theagmhais PULSE a thaifeadadh go huathoibríoch freisin maidir leis an teagmhas SRC / eRC1 agus ní mór do thógálaí an ghlaio sonraí an Bhaill a dhéanann an Tuairisciú a iontráil freisin.

Bainistíocht Foilseán agus Maoine

Sainaithníodh acmhainn an Stóir Bainistíochta Foilseán agus Maoine mar shaincheist ríthábhachtach, agus go háirithe líon na n-earraí a stóráiltear ann agus a bhaineann le himscrúduithe atá curtha i gcrích. Is díol spéise é, áfach, gur ábhar Eagraíochta a aithnítear in go leor Ranna eile é infhaighteacht suíomhanna oiriúnacha chun maoine a stóráil ann. Bhí na hAonaid stórála ag lánacmhainn ag am an scrúdaithe, rud a léiríonn riosca corparáideach maidir le hairgead, airm thine, drugaí agus samplaí eile a stóráil. Fuarthas go raibh an armlann á húsáid freisin chun drugaí a stóráil. De réir dealraimh, tá líon na n-ábhar atá a stóráil gan chúis ag cur srian ar acmhainn stórála an Stóir Bainistíochta Foilseán agus Maoine. Rinne ACGGS roinnt moltaí a bhfuiltear ag súil a chabhróidh leis an mbainistíocht áitiúil chuige sin.

Sláinte & Sábháilteacht

Dhírigh Scrúdú ACGGS maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ar thaifid Ceantair i leith beartais agus nósanna imeachta Eagraíochta a bhaineann leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007; agus Cód an Gharda Síochána, Caibidil 5. Rinneadh an Ráiteas Sábháilteachta, na Bileoga Measúnachta Riosca agus na Cláir Dóiteáin a scrúdú, chomh maith leis na saoráidí coinneála, i ngach Ceantar. Is é seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna a aithníodh:

1. Cé go n-aithnítear go reáchtáiltear Cruinnithe den Choiste Sábháilteachta ar bhonn Roinne, níl sonraí na saincheisteanna a thagann chun cinn agus na gníomhartha arna nglacadh á thaifeadadh i ngach Ráiteas Sábháilteachta sa Roinn.
2. Is gá Cláir Dóiteáin sa Roinn a uasdátú agus níl Druileanna Dóiteáin á reáchtáil/á dtáifeadadh sa Roinn 3 uaire sa bhliain ar a laghad. D'ainneoin nach bhfuil ag roinnt Stáisiúin Fo-Roinne an Gharda Síochána, tá ceanglas reachtach i bhfeidhm faoi Rialacháin Tine druileanna mar seo a dhéanamh.
3. Is bileoga cineálacha iad na Bileoga Measúnachta Riosca agus ní bhaineann siad go léir go sonrach le suíomhanna ar leith chun guaiseacha sa timpeallacht oibre a léiriú. Anuas

air sin, ní dhéantar athbhreithniú tréimhsiúil ar na measúnaithe riosca cineálacha atá i bhfeidhm faoi láthair.

Níor léiríodh fianaise ar bith go raibh Measúnachtaí Riosca do Phríosúnaigh á dhéanamh i gCeantar amháin maidir le nósanna imeachta i gcás príosúnaigh a ghabháil, a chuardach agus a choinneáil; agus i gCeantar eile, fuarthas go raibh príosúnaigh á dtabhairt faoi choimeád tríd an mbealach is gnóthaí sa Stáisiún, áit a mbíonn Gardaí, baill foirne sibhialtach, foireann glantacháin, custaiméirí, daoine eile faoi choimeád agus soláthraithe seirbhíse ag teacht is ag imeacht i gcónaí.

Ba cheart go gcintíonn na moltaí arna ndéanamh ag ACGGS go ndéantar gnímh iomchuí maidir leis na réimsí inní a shainaithnítear agus go gcuirtear i gcrích iad agus tuairisc déanta maidir leis an dul chun cinn nó easpa dul chun cinn i ngach cás.

Imscrúdú ar Choireacht Ghnéis

Fuarthas amach trí anailísiú go ndéileáiltear mar is iomchuí leis an gcuid is mó de Theagmhais Ghnéis agus go gcuireadh comhaid imscrúdaithe faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Tá teagmhais maidir le cionta gnéis á uasdátú ar bhonn rialta ag Gardaí ar an gcóras PULSE agus bhí forbairtí a dtaifeadadh in insintí PULSE roimh cur amach Eisiúint PULSE 6.8 agus tríd an gCóras Bainistíochta Teagmhais ina dhiaidh sin. Tugadh moill faoi deara i gcás roinnt comhad a chur isteach, áfach, agus cé gur eisíodh meabhrúcháin, ní raibh fianaise ar bith le feiceáil maidir lena ngearú. Léirítear sa dath Dearg sna Tuarascálacha Eochairtháscaire Feidhmíochta a scrúdaíodh roinnt catagóirí ina bhfuil gá le hathbhreithniú agus uasdátú.

Monatóireacht ar Chiontóirí Gnéis

Tá Cigire ainmnithe sa Roinn atá freagrach as beartas an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chiontóirí gnéis, i gcomhréir le Treoir 48/13 agus Treoir 167/01 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána. Ón Scrúdú arna dhéanamh ag ACGGS, is léir go bhfuil an mhonatóireacht ar chiontóirí gnéis sa Roinn á bainistiú go gairmiúil agus go héifeachtúil ag an gCigire Roinne. Ag am an Scrúdaithe, bhí 41 ciontóir gnéis ar an liosta áitiúil. Cuireadh é sin i gcomparáid leis an liosta arna choinneáil ag na leibhéal náisiúnta ag Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta maidir leis an Roinn sin agus b'ionann an líon ar an dá liosta. Fuarthas sa Scrúdú nach bhfuil cuairteanna chuig Ciontóirí Ard-Riosca á dtaifeadadh ar an gcóras PULSE ar bhonn míosúil. Ní bhfuarthas ach trí bhall sa

Roinn a raibh oiliúint sa Mheasúnú Maitrís Riosca 2000 curtha orthu agus tá sé molta go mbíonn go leor daoine oillte an t-am ar fad.

Bainistíocht Roinne um Móréigeandáil

Tugtar cóipeanna den Phlean Bainistíochta Roinne um Móréigeandáil don ACGGS ag tús na cuairte ar an láthair agus fuarthas go bhfuil cóipeanna den doiciméad seo ar taifead sa Seomra Cumarsáide agus san oifig phoiblí i ngach ceann de na Ceathrúna Ceantair. Fuarthas sa Scrúdú go bhfuiltear tar éis pleananna suíomh-shonrach a fhorbairt le haghaidh suíomhanna / suiteálacha sa Roinn agus déantar leithdháileadh na n-ionad comhordaithe idirghníomhaireachta réamh-ainmnithe sa Roinn a thaifeadadh sna hagusíní sa phlean Roinne. Ag am an Scrúdaithe, tugadh faoi deara go raibh mí na Samhna 2013 mar dháta ar an bPlean agus go raibh gá na sonraí teagmhála a bhí luaite istigh agus lasmuigh a uasdátú, chomh maith leis an Measúnú Riosca ar a ndéantar tagairt sa Phlean. Mhol ACGGS, mar sin, go ndéanfaí athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Roinne um Móréigeandáil chun uasdátú ginearálta a áireamh maidir le hábhar, teagmhálacha, dáta athbhreithnithe, liosta de bhaill oillte agus suíomh Dhoiciméid Bhiúró na dTaismeach.

Agallóireacht Imscrúdaitheach

Reáchtáil ACGGS agallaimh leathstruchtúrtha le roinnt pearsanra oillte laistigh den Roinn. Léirigh na mbaill ar a cuireadh agallamh eolas maith ar Shamhail Agallaimh an Gharda Síochána agus aithníodh tábhacht na solúbthachta agus a bheith in ann oiriúnú a dhéanamh i ndáil leis na cúinsí éagsúla a bhíonn i gceist in gach agallamh.

Cigireachtaí agus Athbhreithnithe – Treoir 59/2014 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána

Fuarthas leis an Scrúdú go raibh leibhéal maith comhlíonta ann i ndáil le tuairisceáin a chur isteach de réir mar is gá. Tá gach Oifigeach Roinne tar éis raon leathan réimsí feidhme imscrúdú. Go dáta an Scrúdaithe, ní raibh fianaise ar bith go raibh measúnú maidir le riosca déanta ar na réimsí ábhartha le haghaidh Cigireachta toisc nár cuireadh measúnachtaí mar sin san áireamh le gach tuairisceán. Beidh sé ina chabhair mhór do bhainisteoirí chuige sin an réiteach TF atá le forbairt ag ACGGS i gcomhar le Foireann Bainistíochta na nIarratas Tairseach.

Eisiúint PULSE 6.8

Fuarthas leis an Scrúdú go réachtáiltear cruinnithe laethúla um Fheidhmíocht agus Cuntasacht ar laethanta den tseachtain i ngach Roinn, rud a ligeann don bhainistíocht áitiúil athbhreithniú a dhéanamh ar gach teagmhas PULSE a taifeadadh le déanaí. Cé go bhfuair ACGGS go dtugtar breithniú cúramach don Stádas Imscrúdaithe a thugtar ar gach teagmhas, i gcásanna áirithe tá baill ag leanúint d'insintí PULSE a nuashonrú seachas an chlib 'Nótaí Imscrúdaithe' a nuashonrú.

5.2 Athbhreithnithe ACGGS

Is sásra é an próiseas Athbhreithnithe a úsáideann ACGGS chun cur chun feidhme na Moltaí agus an dul chun cinn atá déanta ag gach Roinn a chinntiú i ndiaidh fhoilsiú na chéad tuarascálacha Scrúdaithe. Cuimsítear in Athbhreithnithe ACGGS cigireacht ar Phleananna Feabhsúcháin arna gcur isteach ag Ranna ábhartha ina leagtar amach próisis atá curtha i bhfeidhm go háitiúil chun aghaidh a thabhairt leis na moltaí a dhéantar sa tuarascáil Scrúdaithe agus ar an gcualra ar an láthair. Tá roinnt mhaith réimse ar a dtugtar tuairisc sna tuarascálacha Scrúdaithe arna bhfoilsiú ag ACGGS tar éis a bheith ina n-ábhar in athbhreithniú Téamach ó shin. Tá na tuarascálacha seo, mar aon lena dtorthaí agus moltaí, curtha ar aghaidh chuig sealbhóirí polasaí ábhartha. Níor cuireadh san áireamh, mar sin, i gcuid de na hAthbhreithnithe a rinneadh réimsí próisis lena n-áirítear Taifid Choinneála, Daoine ar Iarraidh, Iniúchtaí agus Bagairtí ar Dhaoine.

Rinneadh athbhreithniú ar na Ranna seo a leanas le linn na tréimhse tuairiscithe:

-  Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh
-  Roinn Loch Garman
-  Roinn Shligigh / Liatroim

5.2.1 Athbhreithniú ar Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh

Ar an 11 Márta 2014, foilsíodh tuarascálacha Roinne agus Ceantair i ndiaidh comhscrúdaithe ACGGS / Rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána a rinneadh i Roinn Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Cuirtear béim sa tuarascáil seo ar roinnt láidreachtaí agus réimsí inní agus déantar roinnt moltaí inti a bhí beartaithe le bheith ina mbonn do na Pleananna Feabhsúcháin Roinne agus Ceantair a bhí le hullmhú agus le cur faoi bhráid ACGGS

laistigh de 12 seachtaine ón uair a bhfaighfí na tuarascálacha deiridh. Bhí sé beartaithe freisin go gceadódh na Pleananna Feabhsúcháin don ACGGS anailísiú a dhéanamh ar an dul chun cinn arna dhéanamh i gcoinne mholtaí ACGGS. Ba ábhar imní agus frustrachais an mhoill a bhain leis na Pleananna Feabhsúcháin ó Roinn Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh, d'ainneoin go leor iarratas i scríbhinn agus iarratas ó bhéal. Tharla sé go raibh gá athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Oibre ACGGS roinnt uaireanta dá bharr sin. Ar a gcur isteach, fuarthas amach gur Pleananna Feabhsúcháin cineálacha a bhí i gceist leo. Chuir sé isteach ar an bPróiseas Athbhreithnithe gur theip ar Cheantar amháin aon chomhaid imscrúdaithe maidir le bainistiú maoine a chur ar fáil agus cuirtear béim ar an easpa rannpháirtíochta sin i dtuarascáil an Athbhreithnithe.

Cé gur tógadh neart feabhsúchán faoi deara maidir le réimsí áirithe le linn phróiseas an Athbhreithnithe, fuarthas nach tugadh aghaidh ar Mholtaí áirithe agus moladh go dtabharfadh an bhainistíocht áitiúil tús áite do na réimsí sin agus iad a chur ar aghaidh trí Chigireachtaí agus Athbhreithnithe áitiúla.

Gach Réimse Sláinte & Sábháilteachta ina dteastaíonn Feabhas nár tugadh aghaidh air go hiomlán ag am an Athbhreithnithe, moltar sa tuarascáil go ndéanfaí measúnú air le cabhair ón Oifigeach Réigiúnach um Shláinte & Sábháilteacht, d'fhonn iad a chur ar aghaidh, a dhíothú/a mhaolú, agus ba cheart go mbeadh an dul chun cinn nó eile ina bhonn eolais ag tuairisceán atá le teacht arna dhéanamh i gcomhréir le Treoir 59/2014 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána - Cigireachtaí & Athbhreithnithe an Gharda Síochána. Moltar sa tuarascáil freisin gur cheart don Oifigeach Roinne idirchaidreamh a dhéanamh le gach Oifigeach Ceantair chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar agus go ndéantar measúnú ar Réimsí Sláinte & Sábháilteachta ina dteastaíonn Feabhas arna n-aithint mar chuid de phróiseas Scrúdaithe agus Athbhreithnithe ACGGS, in éineacht leis an Tuarascáil Roinne maidir le Sláinte & Sábháilteacht a bhí eiseithe cheana féin agus an dul chun cinn nó eile a tuairiscíodh sna Pleananna Ceantair maidir le Sláinte & Sábháilteacht.

Fuair an próiseas Athbhreithnithe go raibh rudaí dearfacha le rá ag baill foirne laistigh den Roinn maidir le hobair Oifig Cáilíochta PULSE na Roinne. Bunaíodh an Oifig sin sa Roinn thart ar 5 bliana roimhe sin chun iniúchadh a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí a bhí á gcur isteach ar PULSE. Tá athbhreithnithe leanúnacha á ndéanamh ag an oifig maidir le príomhtháscairí feidhmíochta, teagmhais PULSE, torthaí Cúirte, teagmhais SRC/PULSE i gcás teagmhas Foréigin Baile agus Buirgléireachta. Tógann an oifig seo sampla randamach de

chomhaid imscrúdaithe arna gcur ar aghaidh le haghaidh teoracha. Freastalaíonn baill foirne a oibríonn san oifig ar chruinnithe míosúla Creata Feidhmíochta agus Cuntasachta agus tuairiscíonn a dtorthaí do gach Oifigeach Ceantair a mbíonn sé de fhreagracht orthu ansin fadhbanna ar bith ar cuireadh béim orthu a chur ina gceart. Cuireann baill foirne cabhair ar fáil do gach Oifigeach Ceantair freisin maidir le hiniúchtaí ráithiúla. D’ainneoin na hoibre luachmhaire arna déanamh ag an Aonad seo go dtí seo, ba cheart breithniú a dhéanamh ar ról na hoifige a leathnú d’fhonn oifig Rialtais a fhorbairt, faoi oibriú fhoireann an Gharda Síochána i gcomhréir leis an gClár Sibhialtachtaíthe. Ceadódh sé sin réimse níos leithne imscrúduithe agus athbhreithnithe, rud a chuimseodh measúnú riosca iomlán maidir le rioscaí oibriúcháin, rioscaí straitéiseacha, rioscaí do chlú nó rioscaí airgeadais laistigh den Roinn agus chuirfeadh bonn eolais don Chár Riosca áitiúil.

Maidir le Tuarascálacha um Príomhtháscairí Feidhmíochta a bhaineann le Coireacht Ghnéis a Imscrúdú, sainaithníodh roinnt réimsí inní agus rinne ACGGS roinnt moltaí gaolmhara, cuid acu ar tugadh tús áite dóibh.

5.2.2 Athbhreithniú ar Roinn Loch Garman

I mí Iúil 2014, d’fhoilsigh ACGGS na Tuarascálacha Roinne agus Ceantair maidir le Roinn Loch Garman de chuid an Gharda Síochána. Rinneadh 56 moladh sa Tuarascáil Roinne agus ba orthu sin a bunaíodh an tAthbhreithniú a rinneadh ina dhiaidh sin. I ndiaidh fhoilsiú na dTuarascálacha Scrúdaithe, lorgaíodh Pleananna Feabhsúcháin chun na moltaí comhaontuithe a chur chun feidhme agus, i mí na Samhna 2016, cuireadh an bhainistíocht áitiúil ar an eolas go raibh Athbhreithniú Roinne le tosú. Cuimsítear san Athbhreithniú ar Roinn Loch Garman cigireacht bhreise ar na réimsí próisis seo a leanas:

-  Imscrúdú ar Ghearáin Choiriúla
-  Foréigean Baile
-  Bainistíocht Foilseán agus Maoine
-  Garbhaol ar Bheatha
-  Sláinte agus Sábháilteacht
-  Imscrúdú ar Choireacht Ghnéis
-  Iontrálacha sa Leabhar Tarlaithe, Foirmeacha RC1 agus Cruthú Teagmhas PULSE Gaolmhara

Is iad seo a leanas na réimsí eile a roghnaíodh le haghaidh scrúdaithe / tráchtairachta ó thaobh beartais téamaigh Eagraíochta / rialachais:

-  Oifig an Gharda Síochána um Sheirbhís d'Íospartaigh
-  An Scéim um Rabhadh Aosach
-  Pleanáil Mhóréigeandála
-  Rialachas agus Maoirseacht

Maidir le hImscrúdú ar Ghearáin Choiriúla, cé go raibh an chuma ar an scéal go raibh maoirsiú maith á dhéanamh ar chomhaid imscrúdaithe coiriúla ar an iomlán, tugadh na rudaí seo a leanas chun suntais:

-  Léiríodh i gcomhfhreagras ó Oifigigh Dlí maidir le comhad imscrúdaithe amháin nár cuireadh ráitis ó fhinnéithe agus fianaise míochaine rithábachtacha san áireamh leis an gcomhad a cuireadh ar aghaidh trí na bealaí atá leagtha síos laistigh den Eagraíocht.
-  Níor cruthaíodh 13 de na teagmhais PULSE laistigh den tréimhse 24 uair an chloig a cheanglaítear.
-  Moltar sa Tuarascáil maidir leis an Scrúdú gur cheart *“próiseas a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na nósanna imeachta a leagtar amach i dTreoir 24/12 (Ionchúiseamh Cion a Bhunú agus a Sheoladh) ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána agus Treoir 48/13 (Beartas an Gharda Síochána maidir le Choireacht Ghnéis, Coireacht i gCoinne Leanaí agus Leas Leanaí a Imscrúdú (2013) 2ú Eagrán)”*. Cé go raibh sé de thábal ag measúnú a rinneadh ar na Pleananna Feabhsúcháin Roinne go ndearnadh iarrachtaí chun ábhar na Treoracha sin a scaipeadh, fuair an tAthbhreithniú go raibh ga le breis iarrachtaí chuige sin.

Maidir le teagmhais Foréigin Baile laistigh den Roinn a thaifeadadh, measadh go raibh go leor faisnéise luaite sna hinsintí maidir le gach teagmhas PULSE a athbhreithníodh laistigh den chatagóir seo. Chomh maith leis sin, rinneadh na hinsintí teagmhais, nó na clibeanna imscrúdaithe PULSE a nuashonrú ar bhonn rialta chun stádas reatha gach imscrúdú a léiriú. Fuarthas amach gur cruthaíodh ceann amháin de na teagmhais a athbhreithníodh 8 mhí i ndiaidh an dáta a tharla/tuairiscíodh an teagmhas. Rinne an próiseas Athbhreithnithe feabhsúchán ar cuireadh fáilte roimhe a shainaithint maidir le glaonna ar ais ar íospartaigh. Léiríodh iad i ngach ceann de na teagmhais PULSE a athbhreithníodh.

Treoir 18/16 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána – Tugadh isteach an Córas Bainistíochta Foilseán agus Maoine (PEMS) Cuid 1 sa Gharda Síochána i mí Márta 2016. I mí na Samhna 2017, scaipeadh an Córas Bainistíochta Foilseán agus Maoine (PEMS 2) ar an Eagraíocht agus cinnteoidh sé go ndéantar na nithe uile a thógtar i seilbh an Gharda Síochána a thaifeadadh ar PULSE. Is é PEMS 3 an tríú céim i gcur chuige trí-thaobhach maidir le cur chun feidhme an chórais foriomlán bainistíochta foilseán agus maoine sa Gharda Síochána. Áirítear é sin mar chuid den Chlár Nuachóiriúcháin & Athnuachana agus tá sé sceidealta le scaoileadh in 2021. Is díol suntais é ó rinneadh an tAthbhreithniú gur osclaíodh Ceanncheathrú Roinne nua an Gharda Síochána i Loch Garman i mí Mheán Fómhair 2017 agus go bhfuil an Stór Roinne PEMS lonnaithe ann. Léiríonn fianaise starógach go bhfuil an tsaoráid stórála seo tógtha don fheidhm agus cuireann ACGGS fáilte mhór roimhe sin.

Tá aghaidh tugtha ar go leor de na moltaí a rinneadh i dTuarascáil an Scrúdaithe. Mar shampla, tá colún ‘Dáta na Cúirte / Toradh’ ar Chlár na nDrugaí i ngach Ceantar agus déantar é sin a nuashonrú ar bhonn rialta maidir le gach imscrúdaithe. Rinneadh gach teagmhas a athbhreithníodh a thaifeadadh i gceart ar PULSE agus ar Chlár na nDrugaí agus rinneadh iad a réiteach ar bhonn rialta. Is díol suntais freisin é go ndearnadh réiteach breise idir Chlár na nDrugaí agus na foilseáin sa Stór PEMS.

Cuimsíodh sna Cigireachtaí agus Athbhreithnithe a rinneadh i gCeantar amháin i Raithe 1 agus 4 2016 iniúchadh ar Bhainistiú Réadmhaoine / Drugaí agus mhol ACGGS gur cheart don bhainistíocht áitiúil i gCeantair eile breithniú a dhéanamh faoin uirlis rialachais seo a úsáid sa bhealach céanna. Mar a luadh thuas, tá an córas PEMS 2 i bhfeidhm anois agus ní dóchúil go dtiocfaidh go leor de na saincheistanna a shainaithnítear le linn an phróisis Athbhreithnithe chun cinn arís má chloítear leis an beartas.

5.2.3 Athbhreithniú ar Roinn Shligigh / Liatroma

I mí Iúil 2014, d’fhoilsigh an tAonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána na Tuarascálacha Roinne agus Ceantair maidir le Roinn Shligigh /Liatroim de chuid an Gharda Síochána. I ndiaidh fhoilsiú na dTuarascálacha Scrúdaithe, lorgaíodh Pleananna Feabhsúcháin chun na moltaí comhaontuithe a chur chun feidhme agus, i mí na Samhna 2016, cuireadh an bhainistíocht áitiúil ar an eolas go raibh Athbhreithniú Roinne le tosú. Cuimsítear san Athbhreithniú ar Roinn Shligigh /Liatroim cigireacht bhreise ar na réimsí próisis seo a leanas:

- ✚ Imscrúdú ar Ghearáin Choiriúla
- ✚ Foréigean Baile
- ✚ Bainistíocht Foilseán agus Maoine
- ✚ Sláinte agus Sábháilteacht
- ✚ Imscrúdú ar Choireacht Ghnéis
- ✚ Iontrálacha sa Leabhar Tarlaithe, Foirmeacha RC1 agus Cruthú Teagmhas PULSE Gaolmhara

Áirítear i measc na réimsí eile a roghnaíodh le haghaidh scrúdaithe / tráchtairachta ó thaobh beartais téamaigh Eagraíochta / rialachais na réimsí seo a leanas:

- ✚ Cigireachtaí agus Athbhreithnithe – Treoir 59/2014 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána
- ✚ An Creat Feidhmíochta agus Cuntasacht
- ✚ Oifig an Gharda Síochána um Sheirbhís d’Íospartaigh
- ✚ An Scéim um Rabhadh Aosach

Fuair an Próiseas Athbhreithnithe nach bhfuil roinnt Moltaí arna ndéanamh ag ACGGS sa tuarascáil maidir leis an Scrúdú a foilsíodh in 2014 curtha i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach sa Roinn. Mar shampla, moltar sa tuarascáil maidir leis an Scrúdú (Moladh 1.1 – Freagrachtaí) gur cheart “*do chéimeanna maoirseachta i mbun comhad imscrúdaithe a athbhreithniú a chinntiú go bhfuil gach gné den comhad curtha i gcrích i gcomhréir leis na teoracha i gCód an Gharda Síochána agus go gcuimsítear i ngach ráiteas dáta tógtha nó dáta an ráitis mar aon leis an dearbhú reachtúil*”. Fuair an próiseas Athbhreithnithe, áfach, nach raibh dáta curtha le 300 ráiteas ar an iomlán sna 96 comhad imscrúdaithe a roghnaíodh agus ní raibh dearbhú reachtach curtha le 6 ráiteas. Cé gur sainaithníodh moill i ndáil leis na 28 comhad a chur isteach, aithnítear go mbaineann cuid de na himscrúduithe le dáta roimh theacht isteach an chórais bainistíochta teagmhais PULSE, córas a tháinig isteach le hEisiúint PULSE 6.8.

Foréigean Baile:

Roghnaíodh teagmhais go randamach ó réimse catagóirí Foréigin Baile agus aithnítear gur mhionteagmhais a bhí i gceist leis na torthaí a fuarthas mar chuid den Athbhreithniú, mar shampla, neamhchomhlíonadh tarchur ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcásanna áirithe a bhain le tuismitheoirí leanaí, mar a éilítear faoi bheartas. Foilsíodh doiciméad beartais

Eagraíochta i mí Aibreáin 2017 agus mhol ACGGS ina dhiaidh sin gur cheart do bhaill foirne uile a bheith ar an eolas faoi ábhar an doiciméid sin.

Bainistíocht Foilseán agus Maoine:

Maidir le bainistíocht foilseán agus maoine, cé gur tugadh feabhsúcháin faoi deara ar fud na Roinne, tugadh réimsí ar ábhar inní iad faoi deara freisin maidir le doiciméadú maoine, tuairisciú agus imscrúdú comhad, mar aon le rianú ar an gcóras PULSE. Cé go réiteoidh cur chun feidhme an chórais PEMS 2 roinnt mhaith de na réimsí seo ar ábhar inní iad, cuirtear béim sa tuarascáil maidir leis an Athbhreithniú ar thábhacht córais trédhearcach agus cuntasach a bheith i bhfeidhm maidir le maoin agus ar an gceanglas go gcaithfidh baill foirne a bheith freagrach as maoin a bhaineann lena n-imscrúduithe féin.

Sláinte & Sábháilteacht:

Ghlac gach Oifigeach Ceantair agus a bhaill foirne faoi seach páirt sa phróiseas Athbhreithnithe Sláinte agus Sábháilteachta agus thug siad tacaíocht don phróiseas, chomh maith le comhoibriú a dhéanamh le ACGSS trí na doiciméid a bhí ag teastáil a thiomsú agus trí a chinntiú go raibh na baill ar fáil don Aonad le haghaidh agallaimh le linn an phróisis Athbhreithnithe. Thug ACGGS aitheantas ar iarrachtaí na bainistíochta áitiúil réiteach a fháil ar an bhfadhb cóiríochta i Stáisiún an Gharda Síochána, Sligeach, fadhb a bhí go mór i mbéal an phobail, mar aon le hiarrachtaí an nGardaí áitiúla a bhí tar éis cur suas le coinníollacha dúshlánacha ar feadh tréimhse fada. Moltar sa tuarascáil go ndéanfaí measúnú ar gach Réimse Sláinte & Sábháilteachta ina dteastaíonn Feabhas nach dtugtar aghaidh iomlán fós air, le cabhair ón Oifigeach Réigiúnach um Shláinte agus Sábháilteacht, d'fhonn iad a chur ar aghaidh, a dhíothú/a mhaolú, agus ba cheart go ndéanfaidh an bhainistíocht áitiúil an dul chun cinn nó eile atá déanta orthu a thuairisciú mar chuid den chéad Chigireacht agus Athbhreithniú eile a dhéanfar.

Imscrúdú ar Choireacht Ghnéis:

Rinneadh scrúdú ar an Tuarascáil maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta le linn an phróisis Athbhreithnithe. Cuireadh an dath Dearg le 8 gcatagóir sa Tuarascáil maidir le Ceantar Shligigh ach ba chóir a thabhairt faoi deara nach raibh 2 chatagóir díobh sin ach tar éis dul Dearg le dhá seachtaine anuas. Bhí 14 chatagóir Dearg sa Tuarascáil maidir le Ceantar Liatroma agus ní raibh ach 2 chatagóir Dearg sa Tuarascáil maidir le Ceantar Bhaile an Mhóta. Fuair ACGGS go raibh teagmhais áirithe ar bhain eochairfhocail ghnéasacha leo taifeadadh sa chatagóir Aird agus Gearáin i gCeantar Shligeach agus i gCeantar Liatroma agus moladh gur cheart stádas na dteagmhais seo a nuashonrú má cheaptar ina dhiaidh sin go raibh siad sa chatagóir cheart.

Rabhaidh Aosach:

Ag am an Athbhreithnithe, bhí sé de dhualgas ar ACGGS iniúchadh a dhéanamh ar bhonn náisiúnta ar Rabhaidh Aosach ar an leibhéal Ceantair ón taobh Rialachais Corparáideach chun a chinntiú go raibh ceanglais beartais á gcomhlíonadh. Rinneadh scrúdú ar an bpróiseas Rabhaidh Aosach laistigh den Roinn agus fuarthas na nithe seo a leanas le linn athbhreithnithe ar roinnt teagmhas a roghnaíodh go randamach.

-  Fuarthas gur cuireadh roinnt Rabhadh Aosach i bhfeidhm i ndiaidh tréimhse ní b'fhaide ná 6 mhí i ndiaidh an teagmhais.
-  I roinnt cásanna, níor riaradh Rabhaidh Aosach mar ba cheart.
-  I gcás amháin, cuireadh Rabhadh Aosach i bhfeidhm i leith teagmhais Damáiste Coiriúil nuair a bhí an damáiste níos mó ná €1,600. Déantar foráil i mbeartas Eagraíochta áfach nach ceart breithniú a dhéanamh ach ar theagmhais inar lú luach na maoine damáistithe ná €1,000.

5.3 Cur Chun Feidhme Moltaí ACGGS

Tá torthaí Scrúduithe agus Athbhreithnithe ACGGS, a bhfuil na mionsonraí le léamh i dtuarascálacha foilsithe, ríthábhachtach d'fheidhmíocht an Aonaid agus na hEagraíochta go ginearálta.

Mar a mholtar roimhe sin, chuir ACGGS tús le córas athbhreithnithe maidir leis an bpróiseas cur chun feidhme Moltaí arna ndéanamh ag an Aonad laistigh de na Ceantair. Is cuid den chóras sin go ndéantar gach moladh arna dhéanamh ag an Aonad a thaifeadadh ar scarbhileog lena seachadadh ar na hOifigigh Ceantair ábhartha i ngach Roinn a scrúdaítear. Tá ACGGS fós ag lorg tuairisceáin ó Oifigigh Roinne maidir le stádas agus cur chun feidhme mholtaí tús áite ACGGS. Tá sé beartaithe cuairteanna ar an láthair a dhéanamh de réir mar is cuí in 2019 d'fhonn seiceálacha fisiciúla a dhéanamh ar na próisis atá curtha chun feidhme sna Ceantair agus sna Ranna agus ar na doiciméid ghaolmhara ábhartha uile.

6. Caighdeáin Eagraíochta a Chinntiú

Níl ról ACGGS teoranta do Scrúduithe a dhéanamh ar Cheantair, Roinne nó Rannóga den Gharda Síochána nó do thuarascálacha téamacha a thiomsú maidir le hábhair a mbaineann tábhacht náisiúnta leo. Cuimsítear sa ról sin freisin na caighdeáin is airde eiticiúla, dlíthiúla/rialachais agus oifige poiblí a chur chun cinn laistigh den Gharda Síochána.

6.1 Cealúcháin Fógraí Muirear Seasta (FMSanna)

Tá ACGGS tiomanta dá chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm i gcomhréir leis an bpolasaí athbhreithnithe agus na caighdeáin is fearr eiticiúla an próiseas cealúcháin FMSanna. Tá sé de cheangal ar Sheirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána iniúchtaí a dhéanamh ar bhonn rialta ar oibriú iomlán Chóras Próiseála Fógraí Muirear Seasta chun comhlíonadh iomlán la gach gné den bheartas a chinntiú. Mar chuid d'iniúchadh ar bith de chuid Sheirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána, cuireann ACGGS tacaíocht ar fáil trí scrúdú a dhéanamh ar an bpróiseas cinnteoireachta.

Ar bhonn míosúil, lorgaíonn ACGGS doiciméid ó Oifig na bhFógraí Muirear Seasta i nDurlas maidir le 20 fógra cealúcháin a roghnaítear go randamach. Déanann ACGGS scrúdú ar an réasúnaíocht laistiar de gach cealúchán chun a chinntiú go bhfuiltear á cloí le ceanglais an bheartais. Déantar torthaí na hanailíse seo, mar aon le torthaí/moltaí ar bith a dhéantar, a thuairisciú do na páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus an Coimisinéir Cúnta um Póilíniú Bóithre agus an Bhainistíocht um Móréigeandáil, a chuireann na tuarascálacha sin faoi bhráid bhainistíocht Oifig na bhFógraí Muirear Seasta. Faigheann ACGGS freagraí ó Oifig na bhFógraí Muirear Seasta ina dhiaidh sin tríd an gCoimisinéir Cúnta um Póilíniú Bóithre agus an Bhainistíocht um Móréigeandáil.

Ón 160 comhad cealúcháin ar a ndearnadh scrúdú go dtí seo in 2018, cuireadh 36 comhad ar ais chuig an sealbhóir beartais le ceisteanna maidir leis an réasúnaíochta cealúcháin. D'ainneoin gur ardaigh ACGGS ceisteanna maidir le 22.5% de na comhaid a scrúdaíodh, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh ACGGS sásta leis an réasúnaíocht cealúcháin a taifeadadh i 77.5% de na comhaid a scrúdaíodh.

Tugtar achoimre i bhFigiúr 6 thíos ar chatagóirí na gcealuithe ar a ndearnadh ACGGS scrúdú:

Figióir 6 – Achoimre ar Chatagóirí na gCealuithe a Scrúdaíodh

Catagóirí na gCealuithe	Líon na gComhad Cealúcháin a Scrúdaíodh de réir Catagóire
Neamhsheachadta - An Post	14
Iontráil Sonraí/TF/Earráidí Garda	25
Neamhsheachadta - Seolta ar ais ag an bPobal	8
Sonraí Ainmniúcháin – Ath-eisithe don Úsáideoir Cláraithe	16
Cúinsí Eisceachtúla - Eile	11
Comhad Feithiclí Náisiúnta - Sonraí Úinéara Nua	15
Lochtanna ar an gComhad Feithicle/ Tiománaithe	8
Díolmhaithe ó Staitisticí - Feithicle Oifigiúil an Gharda Síochána	12
Íomhá Neamhoiriúnach / Fadhb Scanacháin	0
Díolmhaithe ó Staitisticí - Briogáid Dóiteáin	7
Pas Páirceála do Dhuine faoi Mhíchumas	16
Brath Creasa Sábhála – Fianaise Liachta	0
Díolmhaithe ó Staitisticí – Otharcharr	3
Cáin / Diosca Árachais / Pláta Trádála / TNG In Ord	20
Scannadh – Cláruimhir Mhícheart	4
Ciontaí a bhaineann le hOrd Poiblí	1
Iomlán	160

6.1.1 Saincheisteanna athfhillteach arna sainaithint ó fhreagraí a fuair Oifig na bhFógraí Muirear Seasta

Ag teacht as an anailís leanúnach ar fhreagraí a thug Oifig na bhFógraí Muirear Seasta ar thuarascálacha míosúla arna gcur ar fáil ag ACGGS, d'éirigh sé soiléir go raibh roinnt saincheisteanna / ábhar imní maidir leis an réasúnaíocht cealúcháin agus comhlíonadh beartais gaolmhar á sainaithint mar 'shaincheisteanna athfhillteacha'. Cuireadh tuarascáil chomhairleach faoi bhráid an sealbhóra beartais i mí na Nollag 2018 chun ligean do fhreagraí / gníomhartha Eagraíochta, nós imeachta agus riaracháin ar na saincheisteanna a aithníodh a chur i bhfeidhm nuair is iomchuí.

6.1.2 Tuarascáil an Údaráis Maoirseachta Neamhspleách Aonair

I mí Márta 2018, thug an Breitheamh Matthew Deery tuarascáil nuashonraithe don bhliain 2017 don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir lena ról mar an t-aon Údarás Maoirseachta

Neamhspleách maidir le hÚdarás Maoirseachta Bheartas Cealúcháin an Chórais Próiseála Fógraí Muirear Seasta.⁵

Ina thuarascáil, aithníonn an Breitheamh John Deery go bhfuil “*cur chun feidhme an chuid is mó de na moltaí i dTuarascáil an Aonaid um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána tar éis an córas a neartú go mór. Tá an tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána ag leanúint ar aghaidh le scrúduithe míosúla a dhéanamh ar shamplaí randamacha de chinntí an Údaráis Cealúcháin*””*Anuas air sin, is mór an dearbhú a thugann rannpháirteachas an Aonaid um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána agus Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána*”.

7.2 Cosaint Sonraí

Foráiltear sa bheartas Eagraíochta go bhfuil ACGGS “*freagrach as cur chun feidhme an Bheartas Cosanta Sonraí, Nósanna Imeachta agus ceanglais Reachtaíochta a scrúdú*”. Déantar foráil freisin i gCód Cleachtais an Gharda Síochána maidir le Cosaint Sonraí “*go ndéanfaidh ACGGS scrúduithe agus athbhreithnithe ar na Nósanna Imeachta Cosanta Sonraí mar chuid dá bpróiseas scrúduithe agus athbhreithnithe leanúnacha*”⁶.

Is gá an Chúis a bhaineann leis an Iarratas a scríobh isteach i bhfiosrúcháin PULSE a bhaineann le Nithe Suimiúla áirithe⁷. Ionas gur féidir go gcoinnítear caighdeáin chearta maidir leis an gcúis a bhaineann le gach iarratas, déanann pearsanra ACGGS cigireacht leictreonach randamach ar shampla d’iarratais PULSE in 8 gCeantar an Gharda Síochána ar bhonn míosúil trí leas a bhaint as Seirbhís Tuairiscithe⁸ atá ar fáil ar Thairseach an Gharda Síochána.

Bhí rudaí dearfacha le rá le déanaí ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí maidir le tiomantas breise ACGGS, rud atá le feiceáil sa mhéadú i líon Cheantair an Gharda Síochána ar a ndéantar scrúdú míosúil anois, agus i rith 2018 tháinig méadú ar an líon iniúchtaí randamacha a bhí á dhéanamh ag ACGGS trí Aonad Náisiúnta amháin a chur san áireamh gach mí.

⁵

[http://www.justice.ie/en/JELR/Third_Annual_Report_of_the_Garda_Fixed_Charge_Processing_System_\(FCPS\)_Cancellation_Policy_Oversight_Authority%20\(2\).pdf/Files/Third_Annual_Report_of_the_Garda_Fixed_Charge_Processing_System_\(FCPS\)_Cancellation_Policy_Oversight_Authority%20\(2\).pdf](http://www.justice.ie/en/JELR/Third_Annual_Report_of_the_Garda_Fixed_Charge_Processing_System_(FCPS)_Cancellation_Policy_Oversight_Authority%20(2).pdf/Files/Third_Annual_Report_of_the_Garda_Fixed_Charge_Processing_System_(FCPS)_Cancellation_Policy_Oversight_Authority%20(2).pdf)

⁶ Alt 6 32.15(3) – Cód Cleachtais maidir le Cosaint Sonraí

⁷Daoine, Feithiclí nó Suíomhanna

⁸ COMP_002

Cuirtear cóip de na sonraí anailísithe ar aghaidh chuig gach Oifigeach Ceantair agus cuirtear béim ar sheiceálacha PULSE a mheastar neamhchomhlíontach laistigh dá réimse freagrachta. Cuirtear san áireamh ar an Máistir-Scarbhileog arna coinneáil ag ACGGS chun anailís staitistiúil a dhéanamh ar rátaí comhlíonta náisiúnta, an líon cuardaigh ar PULSE a bhaineann le Níthe Suimiúla ach a mheastar neamhchomhlíontach. Cuirtear tuarascáil bhliantúil ar fáil go bliantúil do gach Oifigeach Roinne a thugann sonraí ar rátaí comhlíonta, mar aon le anailís chomparáideach leis an bhliain roimh ré i gcás na gCeantar go léir faoi seach. Ceadáíonn sé sin don bhainistíocht áitiúil anailís a dhéanamh ar chaighdeán cosanta sonraí ina gceantar féin.

Tá iniúchtaí ACGGS rithábhachtach chun cearta an duine aonair a chur chun cinn i ndáil lena sonraí pearsanta a bhailiú, a stóráil agus a scaipeadh ar bhealach slán sábháilte i gcomhréir leis an dlí laistigh den Gharda Síochána. Cé go bhfuil ACGGS tar éis moladh a dhéanamh go n-aistrefar an fheidhm seo chuig an Rannóg Cosanta Sonraí laistigh den Gharda Síochána, tá an ardbhainistíocht tar éis a ordú go gceadófar tréimhse um dhaingniú roimh chinneadh eolasach a dhéanamh chuige sin.

6.3 Sláinte & Sábháilteacht

Tá ACGGS ina chuid den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin um Shláinte agus Sábháilteacht a bhfuil sé de fhreagracht orthu breithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar chúrsaí beartais, straitéise agus feidhmíochta maidir le sláinte agus sábháilteacht laistigh den Gharda Síochána.

Le Treoir 09/2014 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána, cuirtear freagracht ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin um Shláinte agus Sábháilteacht *“monatóireacht, iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn rialta ar an gcóras bainistíochta um shláinte agus sábháilteacht cheirde d’fhonn obair a dhéanamh chun feabhsú leanúnach a bhaint amach”*.

D’fhéach ACGGS lena modheolaíocht scrúdaithe um Shláinte & Sábháilteachta a athbhreithniú in 2018 agus, i ndiaidh molta de chuid ACGGS, rinne an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin cur chuige athbhreithnithe a cheadú agus a mholadh i ndáil le measúnú ar fheidhmíocht Roinne agus Ceantair maidir le Sláinte & Sábháilteacht. Forbraíodh doiciméad Sláinte agus Sábháilteachta lena úsáid ag Comhairleoirí Sábháilteachta Réigiúnacha nuair a bhíonn cigireachtaí / measúnachtaí Sláinte agus Sábháilteachta á ndéanamh acu i Ranna áirithe in 2018. Rinneadh Athbhreithnithe ar Chórais Bainistíochta um Shláinte agus Sábháilteacht i Réigiúin an Oirthir, Réigiúin an Tuaiscirt agus Réigiún an Iarthair in 2018, obair a chuimsigh 3 stáisiún Roinne, 3 Cheanncheathrú Ceantair agus 3 stáisiún fo-Cheantair.

Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an cur chuige seo dearbhú breise go bhfuil beartais agus nósanna imeachta ábhartha uile curtha i bhfeidhm, oibrithe, seiceáilte, iniúchta, agus athbhreithnithe i gcomhréir le clár struchtúrtha agus é mar chuspóir aige feabhsú leanúnach a chinntiú.

6.4 Athbhreithniú ar Chás Teagmhais Chriticiúil

Éilíonn beartas Eagraíochta⁹ go gcuirfear Ard-Cheannfort ACGGS ar an eolas má thagann aon cheann de na cúinsí seo a leanas chun cinn:

1. Má thiteann triail maidir le teagmhas criticiúil as a chéile.
2. Má deirtear rud éigin diúltach sa Chúirt ag triail a bhaineann le teagmhas criticiúil maidir le mar a rinneadh an t-imscrúdú, iompar, cleachtas nó nósanna imeachta an Gharda Síochána (lena n-áirítear sárú ar na Rialacháin um Choimeád) nó
3. Má deir an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí rud éigin diúltach maidir le mar a rinneadh an t-imscrúdú, iompar, cleachtas nó nósanna imeachta an Gharda Síochána

Is é is feidhm leis an scrúdú agus athbhreithniú ná saincheisteanna tábhachtacha, agus ardchleachtas / ardchaighdeán nó réimsí ina dteastaíonn feabhas a shainaithint a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar imscrúduithe, cleachtas, nósanna imeachta agus caighdeán amach anseo laistigh den Eagraíocht.

Tarchuireadh cás amháin mar sin chuig an Aonad in 2018 le haghaidh Scrúdaithe/Athbhreithniú agus cuireadh tuarascáil i gcrích maidir leis agus cuireadh ar aghaidh chuig ardbhainistíocht an Gharda Síochána í.

6.5 Agallóireacht Imscrúdaitheach ar Fhinnéithe agus Amhrastaigh

Tugadh isteach Beartas an Gharda Síochána um Agallóireacht Imscrúdaitheach agus Lámhleabhar Treorach um Agallóireacht Imscrúdaitheach i ndiaidh moltaí arna ndéanamh ag Coiste Comhairleach Smyth agus táthar ag súil go gcothóidh sé feasacht ar agallóireacht imscrúdaitheach agus tuiscint ar Shamhail Agallóireachta an Gharda Síochána.

Cuireadh tús le scrúdú Téamach sa réimse seo in 2018 agus táthar ag súil go bhfoilseofar an tuarascáil deiridh i Ráithe 1 2019.

⁹ Treoir 28/2014 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána – Tromchoireanna agus Teagmhais Chriticiúla – Athbhreithnithe ar Chás

7. Idirchaidreamh le Páirtithe Leasmhara

Déanann ACGGS idirchaidreamh forleathan le páirtithe leasmhara inmheánacha agus páirtithe leasmhara seachtracha d'fhonn leas oibríochtúla an Aonaid don Eagraíocht a fheabhsú. Rinneadh comhairliúchán forleathan le páirtithe leasmhara le linn na tréimhse tuairiscithe agus lorg ACGGS tuairimí maidir le réimsí ionchasacha lena Scrúdú agus lena gcuimsiú i bPlean Póilíneachta ACGGS le linn 2019. Tar éis breithniú a dhéanamh ar ábhar ar Chlár na Riosca Corparáideacha, lorg ACGGS aighneachtaí i scríbhinn freisin ó Oifigigh Réigiúnacha agus Roinne maidir le réimsí atá ina n-ábhar riosca agus imní.

Seo a leanas samplaí de rannpháirtíocht páirtithe leasmhara arna déanamh in 2018:

7.1 Grúpa na bPríomhpháirtithe Leasmhara

Tháinig Grúpa na bPríomhpháirtithe Leasmhara Riosca le chéile roinnt uaire le linn 2018. Cuimsítear i ngrúpa na bpáirtithe leasmhara ionadaithe ó na rannóga seo a leanas:

-  Aonad Comhordaithe Bheartas an Gharda Síochána
-  Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána
-  Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána
-  An Oifig um Chlaohlú Straitéiseach
-  An tAonad um Beartas & Pleanáil
-  An tAonad um Pleanáil Straitéiseach

7.2 Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána

Leanann ACGGS d'idirchaidreamh a dhéanamh le Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána maidir le réimsí ina dteastaíonn scrúdú agus monatóireacht leanúnach i ndáil le comhlíonadh. Le linn 2018, lean ACGGS de chabhair a chur ar fáil do Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána maidir le Comhscrúdú a dhéanamh ar Oibríochtaí Coireachta Speisialta ar a tugadh Seirbhísí Tacaíochta Náisiúnta.

Mar a moladh cheana, le comhaontú iomlán na Rannóige Iniúchóireachta Inmheánaí, tá ACGGS tar éis an Próiseas reatha um Chigireacht agus Athbhreithniú a athbhreithniú (Treoir 59/2014 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána). Mar chuid den phróiseas nua, scaipfidh ACGGS na hathbhreithnithe ráithiúla trí chumarsáid ar líne arna dtacú ag Ardán Tairsigh an Gharda Síochána. I gCaibidil 3 de Thuarascáil Bhliantúil ACGGS 2018, tá na sonraí iomlána

maidir le forbairt leanúnach an réitigh TF a chabhróidh le bainisteoirí ó thaobh an phróisis um Chigireacht agus Athbhreithniú a riaradh.

Comhaontaíodh go frithpháirteach go gcomhoibreoidh an dá pháirtí in 2019 maidir leis an gCóras Bainistíochta Foilseán agus Maoine (PEMS) a scrúdú.

7.3 Bord Rialachais Riosca & Beartas

Is ball de Bhord Rialachais & Beartas an Gharda Síochána é Ard-Cheannfort ACGGS. Bunaíodh an Bord chun maoirsiú a dhéanamh agus treoir straitéiseach a chur ar fáil maidir le riosca agus beartas a bhainistiú laistigh den Gharda Síochána. Is grúpa comhairleach comhchoiteann é an Bord, comhdhéanta de phríomhbhainisteoirí sinsearacha ar a bhfuil freagracht maidir le comhairle a chur ar Choimisinéir agus ar Fheidhmiúchán an Gharda Síochána maidir le rioscaí agus beartas corparáideach na hEagraíochta. Is é aidhm an Bhoird ná a chinntiú go ndéantar rioscaí corparáideacha na hEagraíochta a bhainistiú agus a mhaolú ar bhealach éifeachtach chun an Garda Síochána a chumasú chun cuspóirí na hEagraíochta a bhaint amach mar a leagtar amach iad i Ráitis Straitéise agus Pleananna Póilíneachta. Ghlac ardbhainisíocht ACGGS páirt i gcruinnithe a reáchtáiltear go tráthrialta le linn 2018.

7.4 Cumainn Ionadaíochta

I mí Aibreáin 2018, thug ACGGS cur i láthair do na hArd-Cheannfoirt agus do Chomhlachais Ionadaíochta Ceannfoirt maidir le hiarrachtaí chun comhlíonadh a mhéadú agus treoir a fheabhsú maidir leis an bPróiseas um Chigireacht agus Athbhreithniú faoi Threoir 59/14 ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána. Mar chuid den idirchaidreamh seo, rinneadh plé maidir le forbairt leanúnach an chórais tacaíochta TF beartaithe.

7.5 Oiliúint agus Forbairt

I rith 2018, thug ACGGS 18 gcur i láthair mar chuid de na cláir oiliúna an Gharda Síochána um Bleachtairí agus Promhóirí (féach Figiúr 2 leathanach 16). Déantar cuir i láthair a oiriúnú go sonrach le haghaidh na luchta éisteachta éagsúla d'fhonn an dea-chleachtas a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Thug ACGGS cuairt ar roinnt Ranna agus chas le foirne bainistíochta áitiúla, roimh rannpháirtíocht gach Roinne sa tionscadal píolóta, d'fhonn seimineáir faisnéise speisialaithe a chur ar siúl maidir leis an bpróiseas um Chigireachta agus Athbhreithnithe.

7.6 An tÚdarás Póilíneachta

Reáchtáladh cruinnithe le hionadaithe ón Údarás Póilíneachta san Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána i R1 agus R3 2018. Ba chabhrach na cruinnithe agus thug siad deiseanna saincheisteanna éagsúla a phlé, agus chabhraigh siad freisin chun tuiscint ACGGS ar ionchais na bpáirtithe leasmhara a thuiscint. Leanann ACGGS lena chinntiú go gcuirtear tuarascálacha uile dá chuid, ina n-iomláine nó i bhfoirm teoranta páirtfholaith, faoi bhráid Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Póilíneachta.

7.7 Cigireacht an Gharda Síochána

Reáchtáladh cruinniú le baill Chigireacht an Gharda Síochána i Ráithe 2, 2018 agus ag an gcruinniú seo, thug bainistíocht ACGGS mionchuntas ar fhorbairt leanúnach an phróiseas athbhreithnithe um Chigireacht agus Athbhreithniú. Lig an cruinniú freisin d'Ardbhainistíocht ACGGS dearbhú a thabhairt go ndéanfar moltaí arna ndéanamh cheana ag an gCigireacht a nascadh le hobair Théamach a dhéanfaidh an tAonad amach anseo, nuair is iomchuí.

7.8 Feabhas Éireann

Aithnítear an Comhartha Q mar cheann de na caighdeáin is airde cáilíochta agus sármhaitheas in Éirinn agus aithnítear leis go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar phróisis, nósanna imeachta agus acmhainní uile maidir leis an dea-chleachtas. I mí Márta 2018, rinne iniúchóir seachtrach de chuid Fheabhas Éireann measúnú seachtrach ar ACGGS. Le linn an mheasúnaithe sheachtraigh, reáchtáladh agallaimh leathstruchtúrtha le foireann bainistíochta ACGGS agus maoirseoirí maidir leis na ábhair seo a leanas:

-  Critéir & Torthaí maidir le Ceannasaíocht agus Tiomantas
-  Critéir & Torthaí maidir le Rannpháirteachas Fostaithe
-  Critéir & Torthaí maidir le hEispéireas Custaiméirí
-  Critéir & Torthaí maidir le Próisis

I ndiaidh measúnaithe rathúil, bronnadh an Comhartha Q ar ACGGS in 2018 as Córais Bainistíochta Cáilíochta. Sa tuarascáil deiridh, dúirt an measúnóir seachtrach:

“Leanann ACGGS de thiomantas láidir a léiriú i ndáil le feabhsú leanúnach, idir san obair a dhéanann an tAonad agus tríd an dea-chleachtas agus ardchaighdeáin a chur chun cinn san Eagraíocht ar fadBaintear leas as cur chuige cuimsitheach gairmiúil agus déantar

athbhreithnithe a chur i gcomparáid le caighdeáin an dea-chleachtais, beartas an Gharda Síochána agus treoracha.”

Tháinig méadú 51 pointe ar líon na bpointí a bronnadh ar an Aonad in 2018 i gcomparáid le 2017.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na scóir arna mbaint amach ag ACGGS i ngach catagóir in 2018 agus léirítear ann comparáid le scóir a fuarthas roimhe sin:

Figiúr 7: Measúnú Seachtrach Fheabhas Éireann - Comparáid idir Scóir

		Pointí Bronnta			
Gné	Méid iomlán na bPointí ar Fáil	Measúnú 2012	Measúnú 2017	Measúnú 2018	% Bainte Amach in 2018
Ceannasaíocht agus Tiomantas	200	147	152	168	76%
Rannpháirtíocht Fostaithe	150	106	111	120	74%
Córais agus Próisis Ghó Den Scoth	176	81	138	144	78%
Eispéireas Custaiméirí	150	92	105	114	70%
Torthaí	300	182	207	217	69%
Scór Foriomlán	976	608	712	763	73%

7.9 Fórsaí Póilíneachta Seachtracha

D'fhreastail Ard-Cheannfort ACGGS ar an 21ú Siompóisiam Interpol um Oiliúint Póilíní sa Chóiré Theas i mí an Mheithimh 2018. Is comhdháil domhanda é an ócáid débhlíantúil seo a chomhóstáiltear le Gníomhaireacht Náisiúnta Póilíneachta Chóiré agus a ligeann do thíortha teacht le chéile ag fóram idirnáisiúnta chun plé a dhéanamh ar conas acmhainn forfheidhmithe dlí agus comhoibriú idirnáisiúnta a fheabhsú trí oiliúint laistigh den chomhthéacs slándála reatha.

Rinne pearsanra ACGGS idirchaidreamh lenár gcontrapháirteanna sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá ionas gur féidir taighde a dhéanamh mar chuid de scrúduithe Téamacha arna dtosú le linn na tréimhse tuairiscithe.

Aguisíní

Aguisín A

‘Screengrab’ de Shuíomh Fhoireann ACGGS



GPSU Team Site

Excellent People Delivering Policing Excellence



12 March 2019

All Content 

AGS Portal



AGSTeams

Site

- Shared Images
- Shared Documents
- Contacts
- Noticeboard
- Quick Links
- Calendar

GPSU

GPSU > Pages > Default.aspx

Noticeboard



GPSU Quarterly Newsletter Issue 3

Welcome to issue three of the GPSU newsletter. Each issue will feature the most up to date information relevant to the Unit including status updates on projects being undertaken. Your feedback is welcome in relation to any of the work conducted by the Unit. Submissions can be made to GPSU_DV@garda.ie

[Read More...](#)



EIQA Assessment 2018

EIQA Assessment Results - 2018

[Read More...](#)

[» View All Notices](#)

Team Calendar



Title

Location

Start Time

There are no items to show in this view.

[» View All Events](#)

HQ Directives

[» HQ.025.2017](#)

Garda Internal Audit Section (GIAS) Support and Communication.

[» HQ.059.2014](#)

Garda Inspections and Reviews.

[» HQ.028.2014](#)

Serious Crimes and Critical Incidents - Case Reviews.

Quick Links

Link

[Internal Affairs](#)

[GPSU Examination Reports](#)

[An Garda Síochána Corporate Governance Framework](#)

[Garda Internal Audit Section](#)

[Risk Management Unit](#)

[Code of Practice for the Governance of State Bodies](#)

[Help](#)

[» View All Quicklinks](#)

Contacts

Email

GPSU_DV@garda.ie

Fax

62578

[» View All Contacts](#)

Recent Publications

Type Display Title



[GPSU Newsletter issue 3 2018](#)



[GPSU Examination Reports](#)



[Areas for Inspection](#)



[Newsletter Issue 2 2018](#)



[Professional Standards Unit Newsletter Issue 1 2018](#)

[» View All Publications](#)

Aguisín B

Nuachtlitir Uimhir 3 de chuid an Aonaid um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána



Garda Professional Standards Unit Newsletter



Welcome to The Garda Professional Standards Unit (GPSU) Q4 2018 Newsletter. In Issue 3 we would like to take this opportunity to update you on the current developments & achievements within the unit, ensuring the continued implementation of best standard practices throughout An Garda Síochána.

Inside this issue:

PDT Published Report	1
Safety Representative of the Year Award 2017	2
Thematic Examination of Service of Summons Ranks	2
GPSU Team Updates	3
GPSU Garda College Presentation	3
Christmas Message	3

GPSU Mission Statement

The development of best practice and the achievement of excellence across operational, administrative and management functions within An Garda Síochána.

Issue 3

December 2018

Presumptive Drug Testing Published Report

Overview:

In Quarters 3 & 4 2018, GPSU conducted a Thematic Examination on Presumptive Drug Testing Within An Garda Síochána to establish the level of awareness among Garda personnel of all ranks regarding the existing policy and procedures and the benefits of the system for both An Garda Síochána and Forensic Science Ireland (FSI).

The examination also focused on the level of acceptance the current system receives from Courts on a national level. Prior to conducting on-site examinations in 12 Divisions, GPSU personnel liaised with FSI regarding statistical information in addition to other pertinent areas of interest and also examined a significant number of PULSE incidents in order to ascertain the level of compliance with organisational policy. Questionnaires were also disseminated to District Officers, Sergeants-in-Charge of Drug Units and to Court Presenters.

During the on-site portion of the Examination, semi-structured interviews were conducted with supervisory Sergeants and Garda members, including trained PDT Testers. GPSU acknowledges the constructive input and feedback provided to GPSU during the on-site portion of the examination.

The information provided by operational personnel was evaluated and formed the basis of some of the recommenda-

tions made by GPSU.



Summary of Findings:

- All Garda Divisions are using PDT where applicable.
- The majority of Garda Divisions are in compliance with organisational policy with regard to the recording of PDT Tests conducted.
- The level of acceptance of the process by the Judiciary varies throughout the country.
- The feasibility of having PDT placed on a legislative footing should be explored.
- An overarching, all-encompassing organisational policy document is required in respect of PDT.
- FSI have stated that there have been delays in issuing Certificates of Analysis in Simple Possession Investigations

due to the amount of controlled drugs forwarded for analysis.

PDT kits contain no unique identification number for audit purposes.

Prior to the on-site portion of the Examination, compliance with regard to recording PDT Tests conducted (in accordance with HQ Directive 35/2015) stood at 72%. Failure to comply with organisational policy in this regard will lead to inaccuracies within the PDT Statistical Report, introduced by PULSE Release 6.7.

Additional equipment, including face masks and a sterile sheet, similar to the one included in DNA packs, should be provided to personnel for the purpose of conducting PDT Tests.

The Thematic Examination conducted by GPSU provides reasonable assurance that the PDT process is being utilised to its optimum potential for a number of reasons including, but not exclusive to, the absence of legislative provision and a perceived lack of training and awareness in this area. It is anticipated that the recommendations made by GPSU will provide a foundation from which to advance and enhance this process area and to ensure compliance with the highest standards.



Safety Representative of the Year Award - 2017

"Sergeant Cunningham has effectively promoted and developed safety, health and welfare practices, not only within GPSU but also during on-site visits conducted as part of Divisional Examinations nationwide"

Sergeant Maurice Cunningham, 23347A achieved 1st place in the Safety Representative of the Year Awards 2017 competition within An Garda Síochána and was presented with a Perpetual Trochir by the Garda Commissioner at a ceremony held in the Officer's Club, Garda Headquarters on 20th November 2018.

Sergeant Cunningham has a proven pedigree in this regard and was awarded a Diploma in Safety & Health at Work in 2007/2008 and previously achieved 1st place in the Safety Representative of the Year

Awards in 2005. Sergeant Cunningham has effectively promoted and developed safety, health and welfare practices, not only within GPSU but also during on-site visits conducted as part of Divisional Examinations nationwide.

GPSU Divisional Examinations focus on Divisional / District records of compliance with organizational policy and procedures relating to the Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005, the Safety, Health

and Welfare at Work (General Application) Regulations, 2007 and Garda Code Chapter 5. As part of such Examinations, a wide range of documentation is inspected including Safety Statements, Risk Assessment Sheets, Fire Registers, Minutes of Meetings (i.e. PAF Meetings, Divisional Safety Committee Meetings) and Management Inspections conducted in accordance with HQ Directive 59/14 – Garda Inspections and Reviews.



"If a blank summons is grouped together with other summonses, none are electronically transferred to the Court Services therefore it is advised that blank summonses are created separately"

Thematic Examination of Service of Summons Risks

GPSU is currently conducting its third Thematic Examination in respect of the Service of Summonses. It has been identified during the early stages of this examination that there is a lack of awareness among certain members pertaining to the creation of blank summonses offence codes X9996 (Summary offence) & X9999 (Indictable offence).

The prosecuting member must print and physically lodge

the summons application in the Court Office to enable the staff to assign a court date. Blank summonses do not automatically transfer to the Court Services, therefore, if this procedure is not followed the summons application will have a status of 'ready to print'.

It is important to note, if a blank summons is grouped together with other summonses, none are electronically transferred to the Court

Services therefore it is advised that blank summonses are created separately.

In addition, members are advised to be cognizant that as per "Fixed Charge Processing System, Policy & Procedures Manual – 2014", all unpaid drink driving and public order summonses must be generated manually by the investigating member for the matter to be finalized in court.



GPSU Team Updates

Graduates:

At a ceremony held at Dublin castle on 14th Dec 2018, the following GPSU personnel were awarded a Professional Certificate in Governance, accredited by the University College of Dublin at level 9 delivered through the Institute of Public Administration for the academic year 2017 -2018.

- Chief Supt John Nolan

- D/Inspector Emma Doyle
- HEO Jennifer Howard
- Sergeant Paul Lynch
- Garda Marco DeLuca

The graduation ceremony was attended by Commissioner Drew Harris. The achievement concludes another successful academic year and bolsters the units academic credentials.

Promotion:

Set Paul Lynch was a successful candidate in the recent selection of Sergeants for Promotion to the Rank of Inspector, 2017 competition and is awaiting the promotion notification bulletin. The GPSU team would like to thank Paul for the excellent input he made during his tenure and wish him the best in his future career.



GPSU Vision

"To be the world leader of professional standards in a policing context leader of professional standards in a policing"

Under HQ Directive 59/2014 Superintendents/Assistant Principals carry out quarterly Inspections and Reviews within their areas of responsibility. When completed the Inspection and Review documentation is sent to the Chief Superintendent/Principal Officer for comment and onward submission to GPSU and the Garda Internal Audit Section (GIAS). This process is also carried out at Divisional level on a half-yearly basis, with the Chief Superintendent/Principal Officers Inspections and Reviews submitted to Assistant Commissioner/Executive Director.

What are Inspections and Reviews?

The primary function of Inspections and Reviews is to assess the effectiveness of systems and procedures both locally and organizationally, in order to identify and implement measures to improve performance.


Why are Inspections and Reviews Important?

A strong Internal Control function is an assurance procedure which demonstrates the commitment of An Garda Síochána to self-assessment, transparency and accountability; in line with national and international Governance practices. A strong assurance

procedure increases trust with stakeholders and creates a streamlined partnership approach with external oversight and regulatory bodies.

Feedback

At a recent briefing of operational supervisors in relation to Inspections and Reviews, GPSU was made aware that confusion exists in relation to the creation of notifications to TUSLA. Some members believe that in creating the "Child Welfare/TUSLA Notification" Incident, PULSE automatically generates a notification to TUSLA. Supervisors should inform their units that a hard copy notification must always be sent to the relevant agency.



Management and staff of the Garda Professional Standards Unit would like to take this opportunity to wish each and every one of you and your families a very safe, peaceful & Happy Christmas and indeed a very prosperous New Year.

We look forward to engaging with you in 2019 and we will continue to undertake to ensure the implementation of best standard practices and processes in the year to come. Together we can build a solid foundation on which to develop future initiatives.



Feedback/Comments?

Contact us at:
gpsu_dv@garda.ie

Aguisín C

Sliocht as an bPróiseas Athbhreithnithe um Chigireacht agus Athbhreithniú

Próiseas Cinnteoireachta

